BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & RÁITIS AIRGEADAIS 2014

Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington, BÁC 2, Éire
T: +353 (0)1 644 1200
F: +353 (0)1 644 1299
www.bai.ie

@BAItweets BAIreland

CLÁR ÁBHAR

Maidir leis an BAI 5
Ráiteas an Chathaoirligh 7
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 9
An t-Údarás 11
An Coiste um Dheonú Conarthaí 12
An Coiste um Chomhlíonadh 13
An Coiste Airgeadais Iniúchóireachta Agus Riosca 14
Struchtúr Eagrúcháin Agus Foireann An Bai 15
Éagsúlacht a Chinntiú 17
Iolracht a Chinntiú 27
Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh 29
Trédhearcacht agus Cuntasacht Craoltóirí a Chinntiú 35
Foghlaim agus Forbairt a Éascú san Earnáil Craolacháin 41
Craolachán Freagrach a Chur Chun Cinn agus an Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú 45
Rialachas agus Forbairt Eagraíochta 49

Grianghraf ó *An Bronntanas*

Léirithe ag: ROSG agus De Facto Films
Craolta ar: TG4

BAI
MISEAN

Freastalaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) ar shochaí na hÉireann ach a chinntiú go bhfuil rochtain ag an lucht féachana agus ag an lucht éisteachta in Éirinn ar raon éagsúil iolraíoch seirbhísí, lánais agus cláir chraolacháin a fhreagraíonn dá riachtanais, dá dtaithí agus dá leasanna, ar nithe éagsúla iad, agus a thacaíonn lena dteidlíochtaí mar shaoránaigh i sochaí dhaonlathach.

BAI
FÍS

Tá an BAI ina rialálaí éifeachtach a bhfuil muinín ag an bpobal, ag craoltóirí agus ag reachtóirí as chun freastal ar riachtanais féachana agus éisteachta mhuintir na hÉireann san am i láthair agus san am atá le teacht.

MAIDIR LEIS
AN BAI

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 1ú Deireadh Fómhair 2009 faoin Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009") chun ábhar craolacháin a rialáil. Ghlac sé leis na róil a bhí ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus ag an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC) roimhe sin.

Leagtar amach in Acht 2009 raon cuspóirí ginearálta agus sonracha don BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh a chomhchodanna, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiún agus a n-éagsúlachta reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh,
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar an earnáil craolachán tráchtála agus ar an earnáil craolachán pobail
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar:
  - iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaon a chothú
  - a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú
  - a dhéanfaidh leasanna leanaí a chosaint
  - lena n-éascófar earnáil craolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas
  - a dhéanfaidh forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

In 2014, seoladh an dara Ráiteas Straitéise de chuid an BAI don tréimhse 2014-2016. Mar thoradh ar charachtar athraitheach an tírdhreacha meán, tá ceisteanna dúshlánacha tagtha chun cinn faoi cad is breathnóir ann agus cad is éisteoir ann agus faoi conas a fhéadann an creat rialála atá ann cheana bheith bainteach leis an am i láthair agus leis an am atá le teacht agus conas a fhéadann sé freagairt dóibh sin. Chuir impleachtaí na n-athruithe sin le béim a leagan ar a bhailí atá tosaíochtaí reatha na heagraíochta, go sonrach gur bunchúram atá i leasanna an lucht féachana. Dá bharr sin, is éard atá sa Ráiteas Straitéise 2014-2016 ná leanúint d'fhorbairtí agus d'éachtaí Ráiteas Straitéise an BAI a chlúdaigh an tréimhse ó 2011 go 2013.

Tá seacht dtéama a léiríonn inniúlachtaí na heagraíochta faoin reacht i Straitéis an BAI. Léirítear spriocanna straitéiseacha na heagraíochta faoi na téamaí sin agus leagtar amach iontu, i dteannta a chéile, na nithe is aidhm don BAI a bhaint amach don lucht féachana agus don lucht éisteachta in Éirinn. Is straitéis uaillmhianach í a fhéachann lena chinntiú go léirítear fírinne na timpeallachta athraithí go hiomlán laistigh de gach ceann dár ngníomhaíochtaí, agus í bunaithe ar reacht ag an am céanna.

I dTuarascáil Bhliantúil an BAI do 2014, úsáidtear na seacht dtéama straitéiseacha a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise mar chreat le tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus ar an dul chun cinn a rinneadh ar a phlean oibre don bhliain.

“Is féidir leis an ngléas sin teagasc, is féidir leis léargas a thabhairt; is fíor sin, agus is féidir leis spreagadh fiú. Ní féidir leis déanamh amhlaidh, áfach, ach de réir an mhéid atá daoine meáite ar é a úsáid chun na gcríoch sin. Ina éagmais sin, níl ann ach sreanga agus soilse i mbosca.”

Edward R Murrow

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is onóir dom é mar chathaoirleach nuacheaptha tuarascáil bhliantúil an BAI do 2014 a chur i láthair. An chéad chúram atá orm ná aitheantas a thabhairt don tseirbhís iontach a thug Bob Collins, Cathaoirleach, agus na baill eile den Údarás atá ag dul as oifig. Sa tuarascáil seo, taifeadtar a gcuid iarrachtaí le linn na bliana faoi athbhreithniú agus soláthraítear go leor fianaise ar éachtaí carnacha ina dtéarma oifige cúig bliana. Rinneadh struchtúir nua a chruthú agus a leabú agus rinneadh príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ós rud é go raibh siad ar an Údarás tionscnaimh a ceapadh faoin Acht Craolacháin 2009, rinne siad an-chuid oibre chun an timpeallacht craolacháin a chosaint, a chur ar aghaidh agus a fheabhsú in Éirinn le linn tréimhse a bhí doiligh go sonrach.

Tháinig na héachtaí sin as comhoibriú idir an t-Údarás, na coistí reachtúla, foireann lánaimseartha an BAI agus na páirtithe leasmhara leathana. Ba mhaith liom buíochas an t-Údarás a ghabháil le ceannaireacht Phríomhfheidhmeannach agus Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI agus le rannpháirtíocht dhícheallach na foirne. Bhí solúbthacht agus cruthaitheacht ag teastáil de bharr laghduithe ar an bhfoireann agus srianta airgeadais. Bhí an dá cheann díobh le fáil go réidh.

Ba é 2014 an chéad bhliain de phlean straitéiseach trí bliana nua ar ghlac an t-Údarás leis tar éis comhairliúchán fairsing. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar roinnt de na príomhfhorbairtí a rinneadh le bliain anuas, d’fhéadfadh sé bheith úsáideach dá mbreathnóinn ar aghaidh agus siar, ag déanamh machnamh ar an bplean straitéiseach ina iomláine.

I mí Dheireadh Fómhair 1958, dúirt Edward R Murrow, athair na n-iriseoirí craolacháin, an méid seo i dtaca leis an teilifís:

> *Is féidir leis an ngléas sin teagasc, is féidir leis léargas a thabhairt; is fíor sin, agus is féidir leis spreagadh fiú. Ní féidir leis déanamh amhlaidh, áfach, ach de réir an mhéid atá daoine meáite ar é a úsáid chun na gcríoch sin. Ina éagmais sin, níl ann ach sreanga agus soilse i mbosca.*

Bhí Murrow ag labhairt le stiúrthóirí raidió agus teilifíse. Ba é a bhí ina óráid ná dúshlán chun lánchumas an mheáin chraolta a bhaint amach. Is ionann ábharthacht an dúshláin sin sa lá atá inniu ann agus a ábharthacht trí scór bliain ó shin. Is é fírinne an scéil go bhfuil sé níos ábhartha fós mar gheall ar athruithe sóisialta móra in Éirinn agus an tionchar a bhíonn ag an domhandú agus ag teicneolaíocht nua. Bíonn poblacht dhaonlathach atá rathúil agus beoga ag brath ar earnáil craolacháin atá rathúil, beoga agus éagsúil.

Mar aon leis an bhfeidhm thábhachtach rialála atá aige, tá feidhm thábhachtach straitéiseach ag an BAI. Sa Phlean Straitéiseach do na blianta 2014 go 2016, ar plean é a dtacaím leis go díograiseach, dírítear ar fhreastal ar riachtanais shochaí na hÉireann agus ar a chinntiú go bhfuil rochtain ag an lucht féachana agus ag an lucht éisteachta ar raon éagsúil guthanna agus seirbhísí craolacháin. Áirítear na nithe seo leis na bunluachanna bunúsacha: cosaint leas an phobail; cothroime agus comhréireacht; neamhspleáchas agus neamhchlaontacht; gairmiúlacht agus tiomantas d’fhoghlaim; cuntasacht; trédhearcacht agus éifeachtúlacht chostais; agus éagsúlacht chultúir agus teanga. Is é an fhís fhoriomlán ná gur cheart muinín a bheith ag an bpobal, ag craoltóirí agus ag reachtóirí as an BAI chun freastal ar riachtanais amhairc agus éisteachta shochaí na hÉireann.

Is ar bhealach trédhearcach atá príomhchorp na tuarascála seo leagtha amach chun béim a chur ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt faoi phríomhthéamaí an Phlean Straitéisigh sa chéad bhliain a bhí sé i mbun feidhme. Ní féidir a sheachaint go dtiocfaidh dúshláin shuntasacha chun cinn agus an straitéis sin á cur chun feidhme. Is é feidhm an t-Údarás a chinntiú go réamh-mheastar iad agus go ndéileáiltear leo go rathúil.

Ón taobh inmheánach de, tá dhá choiste reachtúla san Údarás, is iad sin, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Tá a shainchúram féin, a leagtar síos leis an Acht Craolacháin, ag an dá choiste. Chuir na dhá choiste go léir cláir shuntasacha oibre i gcrích sa bhliain ar bhealach éifeachtúil tráthúil. Ar na tagarmharcanna suntasacha sa bhliain bhí cur i gcrích fheidhmiú an phlean ceadúnúcháin reatha, athbhreithniú ar fheidhmíocht roinnt craoltóirí agus próiseáil 152 ghearán. Agus beann a bheith agam ar neamhspleáchas na gcoistí sin, tá freagracht orm mar Chathaoirleach as a chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht ar fad le chéile mar struchtúr láidir chomhtháite.

D'fhonn guth atá ar an eolas agus a bhfuil muinín ag an bpobal as maidir le cúrsaí craolacháin agus cúrsaí meán eile a dhéanamh den Údarás, caithfidh sé tuilleadh teagmhála a dhéanamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile. Tá sé ar intinn ag an t-Údarás nuacheaptha aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin go gníomhach. Agus a shainchúram rialála á chomhlíonadh aige, caithfidh an t-Údarás bheith ábalta oiriúnú agus ualaí neamhriachtanacha maorlathais agus riaracháin a laghdú, idir na hualaí sin ar na daoine a dhéanann cláir agus na hualaí sin ar dhaoine a fhéachann orthu nó a éisteann leo. Tar éis comhairliúchán fairsing, d'fhorbair an t-Údarás sraith cód chun an lucht déanta clár a threorú, lena n-áirítear an Cód um Chothroime agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha, an Cód um Chaighdeáin Chlár agus Rialacha Rochtana an BAI. Fáiltím roimh na Rialacha Rochtana mar go dtosaíonn siad ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine sin atá bodhar nó a bhfuil lagú éisteachta acu agus ar riachtanais na ndaoine sin atá dall nó caoch d'fhonn an taitneamh is féidir leo a bhaint as cláir a mhéadú. Ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh sa réimse sin freisin.

Forbairt thráthúil is ea tabhairt chun críche a dhéanamh ar Chód nua um Chaighdeáin Chlár atá le comhlíonadh ag an lucht déanta clár. Tá an cód reatha ann ón mbliain 2007 i leith. Bhí sé dúshlánach cód nua a fhorbairt: ar thaobh amháin den scéal, níl aon tuiscint uilechoiteann ar cad atá i gceist i gcaighdeáin agus, ar an taobh eile, tá comhaontú leathan ann nár cheart craolachán a bheith saor in aisce do chách. Tá teorainneacha ann a gcomhaontóidh an chuid is mó de dhaoine nár cheart dul tharstu. Chun a chinntiú gur cothrom cuí atá na rialacha agus na cóid sin, d'fhéach an t-Údarás le cothromaíocht a chinntiú idir craoltóirí, an lucht féachana agus an lucht éisteachta agus leis an bpobal i gcoitinne a chosaint. Tugtar creat leis an gcód nua gan saoirse réasúnta eagarthóireachta a shárú, agus tugtar aitheantas cuí ann don mhargadh leathan meán domhanda a bhféadfadh méid níos lú rialála a bheith ann.

Bíonn straitéis fhoriomlán an Údaráis ag brath ar neart na hearnála craolacháin phoiblí, na hearnála craolachán tráchtála agus na hearnála craolachán pobail a chinntiú agus iad ag dul i ngleic le timpeallacht dhúshlánach airgeadais agus le hiomaíocht sheachtrach shuntasach. Táimid tiomanta do chraoltóir láidir seirbhíse poiblí a choimeád ar bun agus údar á thabhairt againn leis an ngá le cuntasacht agus trédhearcacht san úsáid cistí poiblí ag an am céanna.

Leanfaidh an t-Údarás ar aghaidh ag tabhairt spreagtha agus tacaíochta do chláir ardchaighdeáin tríd an scéim Sound & Vision, scéim atá ag imirt tionchar carnach mór. Leithdháileadh níos mó ná €70 milliún faoin scéim sin sna cúig bliana ó 2009. Ba thréimhsí í sin ina raibh infheistíocht ó fhoinsí eile ag laghdú de bharr an chliste airgeadais agus de bharr ciorruithe buiséid. B'ionann na buiséid iomlána do thionscadail a cistíodh sna blianta sin agus €158 milliún, rud a fhágann gur éascaigh cistiú ón BAI giaráil de bhreis agus 50 faoin gcéad den chostas deiridh. Fuarthas breis agus 3,000 iarratas i seacht mbabhta cistiúcháin déag agus tacaíodh le 1,110 tionscadal raidió agus 336 tionscadal teilifíse san iomlán. Samplaí suntasacha le déanaí de chláir ar tacaíodh leo iad *One Million Dubliners*, *Charlie*, *Red Rock*, *The Guarantee*, *Corp agus Anam* agus *Song of the Sea*. Leanfaidh an t-Údarás ar aghaidh ag tacú le tionscnaimh foghlama agus forbartha a ardóidh an saineolas ag leibhéal áitiúil agus a bhreiseoidh cáilíocht agus éagsúlacht na gclár.

Timpeallacht athraitheach dhúshlánach is ea an timpeallacht craolacháin. Mar thoradh ar an gcomhthéacs eacnamaíoch deacair, ar ioncam fógraíochta atá ag laghdú, ar chomórtas méadaithe, go háirithe ó thíortha thar lear, agus ar theicneolaíocht agus mheáin nua, cuireadh cosc ar fhorbairt agus ar shaincheisteanna tulra amhail cáilíocht, inbhuanaitheacht, úinéireacht agus smacht. Mar sin féin, is féidir an patrún paradacsúil de rogha a bhíonn ag síormhéadú agus de cháilíocht a bhíonn ag titim a sheachaint. Thug Ed Morrow an dúshlán do chraoltóirí agus do rialálaithe a linne féin. Chuir sé dúshlán orthu a chinntiú go n-oilfí agus go spreagfaí daoine agus go dtabharfaí léargas dóibh leis an teilifís agus leis an raidió. Ina éagmais sin, ní bheadh ann ach sreanga agus soilse i mbosca. Níor cheart drogall a bheith orainn glacadh leis an dúshlán a chuir Morrow agus an dúshlán sin á athmhúnlú againn chun oiriúnú do chomhthéacs Éireannach.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ba í 2014 an chéad bhliain den dara straitéis ón BAI lenar clúdaíodh na blianta ó 2014 go 2016. Chomh maith leis sin, bhí sí ar an mbliain deiridh de théarma an chéad bhoird de chuid an Údaráis agus na gcoistí reachtúla. Dá bhrí sin, bhí braistint leanúnach trasdula inti i rith na bliana. Cuireadh an-chuid d'obair forbartha beartais an BAI i gcrích le linn thréimhse na chéad straitéise (2011-2013) agus bhí roinnt píosaí athmhachnamhacha san áireamh sa chlár oibre do 2014, amhail an t-athbhreithniú ar fheidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla mar aon le roinnt obair tosaigh ar chuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha. D'éirigh leis an BAI roinnt mórthionscadal a chur i gcrích sa bhliain freisin. Airíodh leo an Plean Ceadúnúcháin 2012/2013 a chur chun feidhme, rud a raibh athcheadúnú 24 stáisiún raidió áitiúla i gceist ann; athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód um Chaighdeáin Chlár agus scéim Sound & Vision nua a fhorbairt, scéim a bheidh ann go deireadh na bliana 2019.

Chomhaontaigh an t-Údarás an plean oibre bliantúil agus chuir sé roinnt bunspriocanna inghnóthaithe in ord tosaíochta i dtús na bliana. Bhí forbairtí reachtaíochta go háirithe chun tosaigh go luath sa bhliain. Chuige sin, bhí teagmháil shuntasach ag an BAI leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("RCFAN") i dtaca leis an dréacht-Bhille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus leis na dréacht-treoirlínte maidir le cumaisc mheán a chuirfí san áireamh sa reachtaíocht nua. Tháinig an tAcht isteach sa dlí i mí na Samhna agus beidh roinnt príomhról le himirt ag an BAI sa réimse seo sa todhchaí. Bhí plé leanúnach ar siúl le RCFAN maidir le reachtaíocht fhéideartha chraolacháin freisin. Samhlaíodh í maidir le táille chraolacháin teaghlaigh a chur in ionad na táille ceadúnais teilifíse. Cé nár leanadh leis an bpíosa leathan reachtaíochta ina dhiaidh sin, leanaimid de bheith i dteagmháil le RCFAN i dtaca le píosa níos lú reachtaíochta a d'fhéadfaí a achtú in 2015.

Bhí an Coiste um Chomhlíonadh gnóthach go háirithe sa bhliain i dtaca leis na gearáin sin agus pléitear iad ar bhealach níos mine i gcorp na tuarascála. Ón taobh straitéiseach de, áfach, tugadh faoi obair shuntasach ar an mBeartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe a fhorbairt agus a sheoladh ina dhiaidh sin. Cuireadh tús le hobair air sin in 2013 agus seoladh an beartas ag ceardlann tionscail i mí na Samhna. Beidh sé ar an mbonn le haghaidh gach gníomhaíochta ar an bplean oibre um chomhlíonadh sna blianta le teacht agus cuirfear béim láidir ar chur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh maidir le comhlíonadh.

Is dócha go raibh a bhliain ba ghnóthaí riamh ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí de réir mar a chuir sé a phróisis iomaíocha cheadúnúcháin i gcrích le haghaidh raidió tráchtála. Airíodh leis na próisis éisteachtaí ó bhéal le haghaidh trí cinn de na seirbhísí (i nDún na nGall Thuaidh, i Sligeach/Liatroim Thuaidh/Dún na nGall Theas agus seirbhís sainspéise i mBaile Átha Cliath) as ar tháinig spéis ollmhór ag an bpobal i ngach ceann de na limistéir sin. Bhí sé ina éacht mór don Choiste gur shocraigh 24 sheirbhís raidió tráchtála san iomlán conarthaí leis an BAI le haghaidh tréimhsí deich mbliana faoi dheireadh a théarma oifige.

Leanadh de riar na Scéimeanna um Chistiú Craolacháin, is iad sin, Sound & Vision II agus an Scéim um Chartlannú, de bheith an-dian ar acmhainní. Tá sonraí faoi na scéimeanna curtha san áireamh i bpríomhchorp na tuarascála ach tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur leithdháileadh €10.36m san iomlán ar thrí bhabhta den Scéim Sound & Vision, leithdháileadh a tugadh do 50 tionscadal teilifíse agus 194 thionscadal raidió. Tá cinntí ar an tríú babhta lena bhfógairt go luath sa bhliain 2015. Anuas air sin, cuireadh an scéim bheartaithe nua Sound & Vision 3 faoi bhráid an Aire lena fhaomhadh. Fuarthas faomhadh ina dhiaidh sin le haghaidh tréimhse cúig bliana go deireadh na bliana 2019. Cuireadh babhta amháin den Scéim um Chartlannú i gcrích ar leithligh.

Tugadh leithdháileadh €2.25m i dtaca le 10 dtionscadal. Ó shin i leith, d'iarr an BAI faomhadh le haghaidh an scéim a shíneadh ar feadh tréimhse dhá bhliain bhreise go deireadh na bliana 2016 agus fuarthas an faomhadh sin.

B'fhairsing le linn na bliana a bhí gníomhaíochtaí a bhaineann le craoltóirí seirbhíse poiblí. Bhí sraith gníomhaíochtaí eile ar siúl de bhreis ar na hathbhreithnithe bliantúla ar mhaoiniú poiblí agus ar an gcur ar fáil aiseolais ar na ráitis bhliantúla ar ghealltanais feidhmíochta RTÉ agus TG4. Ar an gcéad dul síos, bhí ar an BAI tabhairt faoi mheasúnacht tionchair earnála agus cur le tástáil luacha phoiblí a bhaineann le togra a rinne RTÉ le haghaidh seirbhís idirnáisiúnta físeán ar éileamh a chur ar bun don diaspóra. Ar an dara dul síos, iarradh ar an BAI tuarascáil a chur le chéile don Aire ar aguisín na straitéise 5 bliana a d'ullmhaigh TG4 agus a d'eascair as an athbhreithniú cúig bliana a rinne an BAI ar mhaoiniú poiblí.

Ag an leibhéal Eorpach, ghlac an BAI ról gníomhach i gcruinnithe iomlánacha agus grúpa oibre Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí Closamhairc Mheán, ar bhunaigh an Coimisiún Eorpach é in 2013. Anuas air sin, ba mhór an onóir do Celene Craig, Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI, a bheith tofa mar Leaschathaoirleach ar Ghrúpa an Ardáin Eorpaigh Údaráis Rialála sa Chraolachán.

In 2014, tugadh forbairt an Chóid athbhreithnithe um Chaighdeáin Chlár i gcrích tar éis próiseas comhairliúcháin fhairsing. Chomh maith leis sin, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin sa bhliain as a ndéanfaí Rialacha Rochtana athbhreithnithe a fhorbairt. Ba é an cathaoirleach nua a sheol na Cóid agus na Rialacha in 2015. Ba shuntasach fós a bhí gníomhaíocht oibriúcháin sna réimsí um Airgeadas, Rialachas, Cumarsáid, Forbairt Earnála agus Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta. Tá mionsonraí faoi sin i bpríomhchorp na tuarascála.

Tosaíocht nua do 2014 ba ea forbairt a dhéanamh ar straitéis chomhtháite um fhaisnéis eagraíochta, lena n-áirítear IT, bainistíocht sonraí agus comhad agus úsáid sonraí straitéiseacha. Is tionscadal trí bliana é sin agus díreofar go príomha ar IT in 2014. Gné eile den réimse oibre sin ba ea scópáil a dhéanamh ar thaighde lucht féachana/éisteachta agus tabhairt faoin taighde sin chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'obair an BAI ar chúrsaí amhail cóid agus beartais a fhorbairt. Forbraíodh creat le haghaidh an tionscadail taighde sin in 2014 agus tá plean taighde i bhfeidhm anois don bhliain 2015.

Mar ba chuí, thugamar faoi athbhreithniú ar fheidhmiú an Údaráis agus na gcoistí le linn a dtéarmaí oifige de réir mar a bhí deireadh théarma an chéad bhoird agus na gcéad choistí ag teannadh linn agus de réir mar a d'ullmhaíomar do bhaill nua ag teacht isteach. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, d'fhorbraíomar plean ionduchtúcháin a chuirfear chun feidhme a luaithe is a bheidh gach duine de na baill nua tugtha isteach. Táthar ag coinne go ndéanfar é sin go luath in 2015.

Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne uile den BAI as a dtiomantas leanúnach do sholáthar na straitéise agus an phlean oibre. Tá an BAI ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna arna socrú don eagraíocht agus níorbh fhéidir déanamh amhlaidh gan tacaíocht a fháil ón bhfoireann.

Tá sé tábhachtach agus tráthúil freisin go ngabhaim buíochas leis na baill den Údarás, den Choiste um Dheonú Conarthaí, den Choiste um Chomhlíonadh agus den Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca atá ag dul as oifig as an tiomantas a thaispeáin siad ar fud a dtéarmaí oifige. Is an-mhór againn an méid a chuir sibh leis agus táimid ag súil lena bheith ag oibriú le baill nua ó 2015 ar aghaidh.

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

AN t-ÚDARÁS

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú an BAI. Áirítear leis sin treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr ball ag an Údarás, a gceapann an Rialtas cúigear acu ar ainmniú an Aire agus a n-ainmnítear ceathrar acu trí phróiseas roghnúcháin a reáchtálann an Comhchoiste Oireachtais.

Chuaigh téarmaí oifige roinnt ball in éag an 30 Meán Fómhair 2014 agus níor reáchtáladh cruinniú ar bith de chuid an Údaráis tar éis an dáta sin. D'éirigh an tUas. John Waters as an Údarás an 23 Eanáir agus tháinig an tUas. Séamus Martin, a ceapadh an 28 Eanáir, ina áit.

Tháinig an t-Údarás le chéile ocht n-uaire in 2014 agus bhí tinreamh mar seo a leanas:

AINM	CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU	TÉARMA OIFIGE
Bob Collins (Cathaoirleach)	8/8	30/09/2014
Larry Bass	4/8	15/02/2015
Paula Downey	8/8	30/09/2014
An tOllamh Colum Kenny	6/8	15/02/2015
Michelle McShortall	7/8	15/02/2015
Dr Maria Moloney	6/8	30/09/2014
Michael Moriarty	6/8	30/09/2014
Siobhán Ní Ghadhra	6/8	15/02/2015
Séamus Martin	7/8	30/09/2014

Rinne an tUas. Alex White TD, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, roinnt ceapacháin nua chuig an Údarás an 2 Nollaig. Tá siad mar seo a leanas:

AINM	TÉARMA OIFIGE	
An tOllamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	02/12/2014	01/12/2017
Alan McDonnell	02/12/2014	01/12/2019
Clare Duignan	02/12/2014	01/12/2019
Grace Smith	02/12/2014	01/12/2019

AN COISTE UM DHEONÚ CONARTHAÍ

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as feidhmiú na bpróiseas iarratais ar cheadúnais le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibríochtaí ilphléacs. Ochtar ball atá ag an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus ceapann an t-Údarás an ceathrar eile, a chuimsínn beirt bhall den Údarás mar aon le beirt bhall de Choiste Feidhmiúcháin an BAI. Seo a leanas na baill in 2014:

Ainmnithe an Rialtais:
Siobhán Bourke, Cathaoirleach
David Barniville SC
Neil Leyden
Eimer McGovern

Ainmnithe an Údaráis:
Larry Bass
Seamus Martin

Ainmnithe Fhoireann an BAI:
Celene Craig
Neil O'Brien

Tháinig an Coiste um Dheonú Conarthaí le chéile aon uair déag le linn 2014. Bhí an tinreamh mar seo a leanas:

AINM	CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU
Siobhán Bourke	10/11
David Barniville	6/11
Larry Bass	8/11
Celene Craig	11/11
Neil Leyden	10/11
Eimer McGovern	11/11
Neil O'Brien	10/11
Seamus Martin	9/9

De réir a fheidhmeanna, áiríodh na nithe seo a leanas le príomhghníomhaíochtaí an Choiste um Dheonú Conarthaí in 2014:

- Leanúint de phróisis cheadúnúcháin agus iad a chur i gcrích, mar a d'ordaigh an t-Údarás, de réir Phlean Ceadúnúcháin an BAI 2012-2013;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí sealadacha craolachán fuaime;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthar lánais.

Tá sonraí faoi na gníomhaíochtaí sin ar fáil i bpríomhchorp na tuarascála.

AN COISTE UM CHOMHLÍONADH

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, agus as roinnt feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú. Ochtar ball atá ag an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus ceapann an t-Údarás an ceathrar eile, a chuimsínn beirt bhall den Údarás mar aon le beirt bhall de Choiste Feidhmiúcháin an BAI. Seo a leanas na baill in 2014:

Ainmnithe an Rialtais:
An tOll. Chris Morash, Cathaoirleach
Aidine O'Reilly
Edel Hackett
Paula Mullooly

Ainmnithe an Údaráis:
Paula Downey
An tOllamh Colum Kenny

Ainmnithe Fhoireann an BAI:
Ciarán Kissane
Stephanie Comey

Tháinig an Coiste um Chomhlíonadh le chéile deich n-uaire le linn 2014. Bhí an tinreamh mar seo a leanas:

AINM	CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU
An tOllamh Chris Morash	10/10
Stephanie Comey	9/10
Paula Downey	6/8
Edel Hackett	8/9
An tOllamh Colum Kenny	9/10
Ciarán Kissane	10/10
Paula Mullooly	9/10
Aidine O'Reilly	9/9

De réir a fheidhmeanna, thug an Coiste um Chomhlíonadh faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2014, lenar áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cinneadh a dhéanamh ar na torthaí ar 152 ghearán a rinne baill den phobal in aghaidh craoltóirí maidir le conas atá siad ag cloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chóid Chleachtais um Láimhseáil Gearán do Chraoltóirí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht craoltóirí i gcomparáid le ceanglais na Rialacha Rochtana.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste um Chomhlíonadh leagtha amach i bpríomhchorp na tuarascála seo.

AN COISTE AIRGEADAIS INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tá buanchoiste amháin ag an Údarás, is é sin, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, a bunaíodh mar Choiste de chuid an Údaráis in 2010. Tá raon freagrachtaí agus dualgas air a chuimsíonn córais um rialú inmheánach airgeadais, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Faoin a théarmaí tagartha, a athbhreithnítear gach bliain, ceanglaítear ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis a thabhairt don Údarás ar a dhualgais éagsúla ceithre huaire sa bhliain ar a laghad.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 6 huaire in 2014. Ba mar seo a leanas a bhí baill den Choiste agus tinreamh cruinnithe in 2014:

AINM	CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU
Siobhán Ní Ghadhra (Cathaoirleach)	2/6
An Dr. Maria Moloney	6/6
Michael Moriarty	5/6
Michelle McShortall	6/6

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca leagtha amach i bpríomhchorp na tuarascála.

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN AGUS FOIREANN AN BAI

Is é Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh a threoraíonn obair an BAI agus faigheann sí tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht ar straitéis agus ar phleanáil don eagraíocht ina hiomláine. Tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag an BAI trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó. Cuireann sé sin le hacmhainní a úsáid ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil nuair a bhíonn siad ag teastáil agus mar a mbíonn siad ag teastáil.



Tá liosta den fhoireann ar fad a bhí fostaithe ag an BAI an 31 Nollaig 2014 leagtha amach thíos:

Baill den Choiste Feidhmiúcháin

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh:

Príomhfheidhmeannach Michael O'Keeffe
Leas-phríomhfheidhmeannach Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha:

Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Margaret Tumelty.

Bainisteoirí:

Diarmaid Breathnach, Aoife Clabby, Brian Furey, Sally Kennedy, Niamh Ní Bhroin, Declan McLoughlin, Clare O'Sullivan, Andrew Robinson, Roger Woods.

Oifigigh Feidhmiúcháin:

Jill Caulfield, Gillian Collins, Philip Cooper, Elizabeth Farrelly, Tim Flynn, Teresa Kearns, Patricia Kelly, Louise McLoughlin, Marie Murphy, Sinéad Owens, Sarah Herron.

Oifigigh Chléireachais:

Rachel Casey, Jessica Scott.

Foireann Monatóireachta:

Andrea Leonard, Annette Stone, Jeanne Spillane, Fionnuala Murphy, Deborah Molloy, Barry Casey.

Príomhsprioc straitéiseach de chuid an BAI is ea leanúint de rochtain a chinntiú don lucht féachana agus don lucht éisteachta ar éagsúlacht i gcláir Éireannacha a gcuireann raon craoltóirí Éireannacha iad ar fáil ar na hardáin ábhartha go léir.

ÉAGSÚLACHT A CHINNTIÚ

Príomhsprioc straitéiseach de chuid an BAI is ea leanúint de rochtain a chinntiú don lucht féachana agus don lucht éisteachta ar éagsúlacht i gcláir Éireannacha a gcuireann raon craoltóirí Éireannacha iad ar fáil ar na hardáin ábhartha go léir. Tá an BAI dírithe ar shruthanna reatha de lánas Éireannach a chosaint agus a fheabhsú, le linn dó coinneáil ar an eolas faoi dheiseanna nua a d'fhéadfadh tuilleadh éagsúlachta i lánas Éireannach a sholáthar. Bhí roinnt éachtaí faoin sprioc sin le sonrú sa bhliain faoi athbhreithniú, go háirithe mar thoradh ar obair an BAI sna réimsí um cheadúnú agus Sound & Vision.

An Straitéis Seirbhísí Craolacháin

Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht Craolacháin straitéis fhoirmiúil a leagan amach i dtaca leis na seirbhísí craolacháin ba cheart a chur ar fáil sa Stát.

Foilsíodh an leagan reatha de Straitéis Seirbhísí Craolacháin an BAI i mí an Mhárta 2012. Leagtar amach sa straitéis beartais agus cleachtais rialála an BAI agus tá sí ina creat tábhachtach maidir le seirbhísí a cheadúnú agus a rialáil agus maidir le beartais agus cleachtais rialála a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tá roinnt cuspóirí sonracha san Straitéis Seirbhísí Craolacháin atá dírithe ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta, ar lánas ardchaighdeáin, ar iolracht na dtuairimí, ar an asraon agus ar an bhfoinse laistigh d'earnáil craolacháin na hÉireann.

Tá an BAI dírithe ar shruthanna reatha de lánas Éireannach a chosaint agus a fheabhsú agus ar a chinntiú go bhfuil rochtain ag an lucht féachana agus ag an lucht éisteachta in Éirinn ar chláir ardchaighdeáin a léiríonn a n-ábhair spéise agus a n-eispéireas, a dhéanann eolas dá rannpháirtíocht i sochaí dhaonlathach mar shaoránaigh dhomhanda agus a chumasaíonn an rannpháirtíocht sin agus a léiríonn an raon leathan de réimsí spéise an lucht féachana/éisteachta, ag cur na sochaí ar fad i láthair agus ag tabhairt páirt don tsochaí ar fad iontu. Tá agus beidh an méid sin ina chuid thábhachtach, go hintuigthe agus go follasach, de sheasamh beartais phoiblí an BAI maidir le craolachán.

Raon Seirbhísí

Tá an BAI freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar sheirbhísí craolacháin, de bhreis orthu sin a chuireann RTÉ, TG4, Cainéal Thithe an Oireachtais agus Cainéal Scannán na hÉireann ar fáil. Sainaithnítear sa Straitéis Seirbhísí Craolacháin na seirbhísí a bhféadann an BAI iad a cheadúnú. Is é aidhm ghníomhaíochtaí ceadúnúcháin an BAI baint amach a dhéanamh ar na cuspóirí a bhaineann le freastal ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta agus le héagsúlacht lánais a thairiscint don lucht féachana agus don lucht éisteachta. Deonaítear conarthaí do sheirbhísí ábhartha craolacháin agus soláthar lánais ach úsáid a bhaint as próisis iomaíocha cheadúnúcháin agus próisis oscailte cheadúnúcháin i dteannta a chéile. Braitheann an tslí ina ndeonaítear conarthaí do sheirbhísí craolacháin ar an gcineál seirbhíse agus ar na riachtanais atá leagtha amach sa reachtaíocht maidir leis an bpróiseas ceadúnúcháin do gach cineál seirbhíse. In 2014, tugadh faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas i dtaca leis an gceadúnú seirbhísí.

Plean Ceadúnúcháin Raidió Tráchtála

Gné shuntasach d'obair an Choiste um Dheonú Conarthaí in 2014 ba ea plean ceadúnúcháin raidió tráchtála an BAI a thabhairt chun críche. Rinneadh foráil sa phlean d'athcheadúnú 24 sheirbhís raidió tráchtála.

Cuireadh críoch leis an obair nuair a síníodh an bhaisc dheiridh de chonarthaí i mí Mheán Fómhair.

Ag deireadh na bliana 2013, bhí na próisis mheara le haghaidh 12 sheirbhís curtha i gcrích agus bhí na conarthaí sínithe. Bhí an obair in 2014 dírithe go príomha ar phróisis cheadúnúcháin a chur i gcrích le haghaidh 7 seirbhís a bhí ina n-ábhar do phróiseas mear agus 5 sheirbhís a bhí ina n-ábhar do phróiseas iomaíoch. Is féidir leis an gCoiste um Dheonú Conarthaí an próiseas mear ceadúnúcháin a ghairm nuair nach bhfaightear ach léiriú spéise amháin ó shealbhóir reatha an cheadúnais tar éis gairme ar léiriú spéise. Cuirtear próiseas iomaíoch ceadúnúcháin chun feidhme nuair a fhaightear níos mó ná léiriú spéise amháin le haghaidh seirbhís a chur ar fáil. De bhreis ar iarratas scríofa, áirítear leis an bpróiseas sin cur i láthair ó bhéal a thugann gach iarratasóir os comhair an Choiste um Dheonú Conarthaí, bunaithe ar an iarratas a cuireadh isteach. Tugann iarratasóirí freagra freisin ar aon cheisteanna nó ar shoiléirithe a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoiste i dtaca leis an iarratas. De na cúig phróiseas iomaíocha ar tugadh fúthu, bhí láithreoireachtaí ó bhéal i gceist i dtrí cinn díobh sna limistéir shaincheadúnais seo: Dún na nGall Thuaidh, Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath agus Sligeach/Liatroim Thuaidh/Dún na nGall Theas. Faoi mhí Mheán Fómhair 2014, chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí a mheasúnú ar na hiarratais i gcrích agus rinne sé moltaí faoi chonradh a dheonú le haghaidh gach cinn de na cúig sheirbhís. Dhaingnigh an t-Údarás moltaí an Choiste agus chuaigh na hiarratasóirí ar éirigh leo isteach in idirbheartaíocht chonartha leis an Údarás.

Leagtha amach sna táblaí thíos atá sonraí faoi na conarthaí craolachán fuaime a tugadh chun críche de réir an phlean.

Próiseas mear

LIMISTÉAR SAINCHEADÚNAIS	CINEÁL STÁISIÚIN	AINM AN STÁISIÚIN	DÁTA SÍNITHE AN CHONARTHA
Co. Mhaigh Eo	Leathanfhormáid áitiúil	Mid West Radio	15/07/13
Co. Lú agus Co. na Mí	Leathanfhormáid áitiúil	LM FM	15/07/13
Cathair agus Contae na Gaillimhe	Leathanfhormáid áitiúil	Galway Bay FM	16/07/13
Co. an Chláir	Leathanfhormáid áitiúil	Clare FM	16/07/13
Co. Thiobraid Árann	Leathanfhormáid áitiúil	Tipp FM	16/07/13
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Áitiúil, dírithe ar cheol, daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois	FM104	25/09/13
Co. Loch Garman	Leathanfhormáid áitiúil	South East Radio	25/09/13
Co. Chill Mhantáin	Leathanfhormáid áitiúil	East Coast FM	25/09/13
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Áitiúil, dírithe ar cheol, daoine idir 25 agus 44 bliana d'aois	98 FM	22/10/13
Co. an Chabháin agus Co. Mhuineacháin	Leathanfhormáid áitiúil	Northern Sound Radio	13/11/13
Co. an Longfoirt, Co. Ros Comáin agus Liatroim Theas	Leathanfhormáid áitiúil	Shannonside 104FM	13/11/13
Co. Chill Dara	Leathanfhormáid áitiúil	KFM	13/11/13
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Dírithe ar nuacheol daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois	Spin 1038	11/02/14
Cathair agus Contae Phort Láirge	Leathanfhormáid áitiúil	WLR FM	11/02/14
Cathair agus Contae Chorcaí	Dírithe ar cheol, daoine idir 15 agus 34 bliana d'aois	Red FM	11/02/14
Co. Cheatharlach agus Co. Chill Dara	Leathanfhormáid áitiúil	KCLR	15/04/14
Co. Chill Dara	Leathanfhormáid áitiúil	Radio Kerry	19/05/14
Cathair agus Contae Chorcaí	Leathanfhormáid áitiúil	C103	04/09/14
Cathair agus Contae Chorcaí	Dírithe ar cheol, daoine idir 25 agus 44 bliana d'aois	96 FM	04/09/14

Próiseas iomaíoch

LIMISTÉAR SAINCHEADÚNAIS	CINEÁL STÁISIÚIN	AINM AN STÁISIÚIN	DÁTA SÍNITHE AN CHONARTHA
Co. Laoise, Co. Uíbh Fhailí agus Co. na hIarmhí	Leathanfhormáid áitiúil	Midlands 103	04/09/14
Dún na nGall Thuaidh	Leathanfhormáid áitiúil	Highland Radio	04/09/14
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Dírithe ar cheol nideoige	Sunshine 106.8	12/09/14
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Réigiúnach – dírithe ar cheol agus ar an óige	Beat FM	12/09/14
Sligeach, Liatroim Thuaidh agus Dún na nGall Theas	Leathanfhormáid áitiúil	Ocean FM	12/09/14

Conarthaí um Sholáthar Lánais

Déantar foráil le hAlt 71 den Acht Craolacháin do chonarthaí lánais a dheonú le haghaidh teilifíse agus raidió. Is le haghaidh lánais amháin atá na conarthaí do na seirbhísí sin agus tá ceangal ar gach iarratasóir craoladh ar ardán oiriúnach a shocrú ar leithligh, bíodh craoladh cábla, craoladh satailíte nó craoladh trastíre digiteach ar an ardán sin. Féadfar na seirbhísí a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu a chraoladh sa Stát nó féadfaidh an BAI iad a cheadúnú lena gcraoladh i ndlínsí eile. Déanann an Coiste um Dheonú Conarthaí measúnú ar gach iarratas a fhaightear de réir alt 71 den Acht agus faoi threoir na Treorach d'Iarratasóirí ar Chonarthaí um Sholáthar Lánais.

Ba é 2014 an chéad bhliain ó bunaíodh an tAcht ina bhfuarthas iarratais ar sheirbhísí nua teilifíse a sholáthar atá dírithe go sonrach ar an lucht féachana in Éirinn. Fuair an BAI dhá iarratas ar sheirbhísí teilifíse atá dírithe ar an lucht féachana in Éirinn, ba iad sin, UTV Ireland agus Irish TV. Fuair sé dhá iarratas ar sheirbhísí teilifíse atá ceadúnaithe lena gcraoladh i dtíortha thar lear, ba iad sin, Setanta Sports agus Setanta Sports +. Fuair sé iarratas amháin ar sheirbhís raidió a chraolfar ar thriail chraolta dhigitigh fuaime (DAB).

Bhain an t-iarratas a fuarthas ó **UTV Ireland** le cainéal siamsaíochta ginearálta a thairgeann cláir nuachta náisiúnta agus chúrsaí reatha agus lánas faighte clár faisnéise, drámaíochta agus scannánaíochta. Agus an t-iarratas á dhéanamh aige, chuir UTV Ireland in iúl freisin gurb é is aidhm dó lánas Éireannach dúchasach breise a fhorbairt de réir mar a fhásann an cainéal.

Síniú Conartha, Beat FM

I mí Lúnasa, d'fhógair an BAI gurb é is aidhm dó dul isteach in idirbheartaíocht chonartha le Irish TV, atá ina chainéal nua áitiúil agus idirnáisiúnta a spriocdhíríonn ar an diaspóra Éireannach ar fud an domhain. Tairgeann sceideal beartaithe **Irish TV** cláir sheachtainiúla leathuaire ó gach contae in Éirinn a chlúdaíonn na téamaí seo: spórt, ceol, siamsaíocht, gnó, nós maireachtála, oideachas agus talmhaíocht.

Bhí craoladh le tosú ag UTV Ireland agus ag Irish TV i mí Eanáir 2015.

Bhain na hiarratais a fuarthas ó Setanta Sports agus ó Setanta Sports + le 2 sheirbhís spóirt táillefíse Rúisise don réigiún Baltach agus don réigiún Eoráiseach. Bhain an t-iarratas a fuarthas ó Zenith Classic Rock le seirbhís rac-cheoil chlasaicigh a chur ar fáil, ar seirbhís í a chraolfaí san oirdheisceart agus i gcathair agus contae Bhaile Átha Cliath mar chuid de thriail DAB.

Seirbhísí Sealadacha Craolachán Fuaime

Gach bliain, faigheann an BAI roinnt iarratais éagsúla ar sheirbhísí sealadacha craolachán fuaime. Is ar sheirbhísí 30 lá ar a mhéad a bhíonn formhór na n-iarratas a fhaightear agus cuimsíonn siad raon leathan úsáidí beartaithe. Faightear roinnt mhaith iarratas ó scoileanna agus ó choláistí ar mian leo stáisiún raidió arna reáchtáil ag daltaí/mic léinn a oibriú le haghaidh imeacht ar leith amhail seachtain phléarácaim, seachtain na mac léinn céad bhliana agus tionscadail idirbhliana. Baineann iarratais eile le féilte, le suiteálacha ealaíne agus, níos déanaí fós, le scannáin charrsheirbhíse.

Faoin rannán sin, is ar sheirbhísí craolachán fuaime pobail (ar a dtugtar iarratais phobail treorach freisin) a bhíonn roinnt de na hiarratais a fhaightear. Is éard atá i gceist iontu ná gur mian leis an iarratasóir taithí a ghnóthú ar sheirbhís raidió pobail a oibriú sula gcinnfidh sé cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé iarratas chuig an BAI ar chonradh lánaimseartha craolachán fuaime pobail. Foráiltear leis an Acht Craolacháin go bhféadfaidh an BAI conradh a dhéanamh leis na hiarratasóirí sin ar feadh 100 lá ar a mhéad. Is gá iarratais ar chraolachán fuaime pobail treorach a iniúchadh go hinmheánach níos mó ná iarratais eile agus measúnaítear iad faoi threoir Bheartas an BAI um Chraoladh Raidió Pobail.

Sa bhliain 2014, fuair an BAI 28 n-iarratas ar sheirbhísí sealadacha. Ba le haghaidh seirbhísí pobail treorach a bhí sé cinn díobh. Díobh sin, mhol an Coiste um Dheonú Conarthaí 25 cinn don Údarás agus síníodh 21 chonradh sa tréimhse.

Áiríodh na hiarratasóirí seo le hiarratasóirí suntasacha ar éirigh leo: **Beautiful Dreamers**, léiriúchán téatair bheo i gCathair Luimnigh; **Christmas FM**, a chuir seirbhís ilchathrach ar fáil um Nollaig agus a d'ardaigh feasacht ar charthanas roghnaithe agus a thiomsaigh airgead ar a shon; **Upbeat FM**, seirbhís seachtaine a d'ardaigh feasacht ar fholláine mheabhrach le linn Sheachtain na Meabhairshláinte; agus **NOTCHFM**, a thug deis do mhic léinn ar Institiúid Bhreisoideachais Bhré raidió a reáchtáil agus taithí luachmhar craolacháin a ghnóthú dá bharr.

Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT)

Leis an Acht Craolacháin, 2009, tugtar an fhreagracht ar an BAI as oibritheoirí ilphléacs DTT a cheadúnú. Tá sé mar chuspóir aige sin infhaighteacht leanúnach ar éagsúlacht seirbhísí agus lánas cláir i ré dhigiteach a chinntiú.

Ba i mí Eanáir 2014 a foilsíodh athbhreithniú a rinneadh le linn 2013 maidir le hionchais sa todhchaí do cheadúnú DTT tráchtála in Éirinn. Thug na torthaí le fios nár tháinig feabhas ar na coinníollacha margaidh le haghaidh seirbhísí DTT tráchtála a sheoladh agus go raibh siad an-dúshlánach fós ó rinneadh an próiseas ceadúnúcháin neamhrathúil deireanach in 2008. Tar éis na saincheisteanna lena mbaineann a bhreithniú go cúramach, chinn an t-Údarás gan leanúint le próiseas ceadúnúcháin um an dtaca sin agus chuir sé an cinneadh sin in iúl don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

An Cód Cleachtais maidir le Seirbhísí Teilifíse a Chur ar Fáil ar Ardán Saorview

Tar éis sraith díospóireachtaí sa chéad leath den bhliain 2014, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("RCFAN") ar an BAI go foirmiúil leanúint le forbairt a dhéanamh ar chód cleachtais maidir le cainéil bhreise a chur ar fáil ar an ardán ilphléacs seirbhíse poiblí ("Saorview") mar a beartaíodh ar dtús in 2012. Comhaontaíodh le RCFAN go gcuirfí an Cód i bhfeidhm maidir le gach cainéal atá á gcraoladh ar Saorview faoi láthair nó a bhféadfaí iad a chraoladh air sa todhchaí.

I mí Dheireadh Fómhair 2014, thug an BAI faoi chomhairliúchán ar an dréachtchód cleachtais maidir le seirbhísí teilifíse a chur ar fáil ar Saorview agus foilsíodh an leagan deiridh den Chód faoi dheireadh na bliana.

Baineann an Cód go príomha leis an leibhéal suntasachta atá le tabhairt do chainéil áirithe seirbhíse poiblí agus lena chinntiú gur ar bhealach cothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach a chaitear le cainéil eile atá ag iarraidh a gcraolta ar ardán Saorview. Leagtar amach ann freisin na cleachtais nach mór do RTÉ cloí leo maidir le seirbhísí teilifíse a chur ar fáil ar ardán Saorview. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an BAI rialáil ar chur chun feidhme an Chóid de réir feidhmeanna reachtúla breise a thabharfar don Údarás sa todhchaí.

Síniú Conartha, Sunshine 106.8

Bainistíocht Speictrim

Is éard atá i gceist i mbainistíocht speictrim ná sainaithint a dhéanamh ar bhandaí minicíochta oiriúnacha do ghléasanna raidió agus teacht ar chomhaontú faoi mhodhanna chun minicíochtaí sonracha sna bandaí sin a leithdháileadh le haghaidh úsáid ar leith. Úsáidtear speictream raidió le haghaidh roinnt mhaith cuspóirí agus tá minicíochtaí a úsáidtear i gcraolachán ina bhfo-thacar beag den speictream iomlán atá ar fáil.

Tá an BAI, ComReg agus 2rn ag oibriú i gcomhar le chéile le roinnt mhaith blianta anuas chun a chinntiú go ndéantar speictream craolacháin a úsáid agus a cheadúnú ar an mbealach is éifeachtúla is éifeachtaí is féidir. Agus iad ag déanamh amhlaidh, tugann gach ceann de na heagraíochtaí aird ar na hoibleagáidí reachtúla agus idirnáisiúnta atá orthu agus comhoibríonn siad chun a chinntiú go ndéanfar leasanna foriomlána na hÉireann a bhaint amach agus a chosaint. I dteannta a chéile, tá na trí eagraíocht ag cur leis an athphlean 700 MHz d'fhonn eisiúint fhéideartha speictrim bhreise a éascú le haghaidh cumarsáid mhóibíleach. Mar an gcéanna, tá forbairt á dhéanamh ag cruinnithe déthaobhacha agus teicniúla idir an dá thír ar phleananna speictrim a d'fhéadfadh forbairtí DAB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a éascú.

Bhuail an BAI, ComReg agus 2rn le craoltóirí sa Ríocht Aontaithe agus le Ofcom uair amháin in 2014 maidir le pleanáil agus comhordú FM agus DAB. Chomh maith leis sin, bhuail siad le chéile ceithre huaire maidir le hathphleanáil DTT le haghaidh athligean amach féideartha an speictrim 700 MHz.

In 2014, cuireadh clúdach feabhsaithe ar fáil do roinnt stáisiúin raidió, lenar áiríodh Newstalk, Spirit Radio, FM104, 98FM, South East Radio, Clare FM agus Liffey Sound FM. Ag deireadh na bliana, bhí 285 tharchur bhuana raidió FM ar an aer agus bhí 182 shuíomh tarchurtha á n-úsáid acu. Cuireadh tús le pleanáil minicíochta freisin chun clúdach feabhsaithe a chur ar fáil do Q102, Spin1038, Radio Nova, Sunshine, TXFM, 4FM, Newstalk, Spirit Radio, MWR agus Galway Bay FM. D'oibrigh an BAI le ComReg agus i gcomhar le 2rn freisin chun minicíochtaí oiriúnacha a shainaithint le haghaidh stáisiúin shealadacha pobail treorach agus le haghaidh stáisiúin raidió pobail.

Iniúchtaí Teicniúla

De réir coinníollacha a leagtar síos ina gconradh, tá oibleagáid ar gach craoltóir ceadúnaithe cloí le riachtanais theicniúla. Tugadh 87 gcuairt ar an láithreán sa bhliain 2014. Chomhlíon gach conraitheoir, gan trí cinn a áireamh, na sonraíochtaí riachtanacha. Comhlíonadh na conarthaí go mór san iomlán, áfach.

An Ciste Craolacháin

Tá freagracht ar an BAI as an gCiste Craolacháin a riar ó bunaíodh é faoi reacht in 2003. Déantar soláthar leis an gciste do roinnt scéimeanna. Tá dhá cheann díobh i mbun feidhme faoi láthair, is iad sin, an Scéim Sound & Vision agus an Scéim um Chartlannú Craolacháin. De bhreis ar na scéimeanna a riar in 2014, sheol an BAI comhairliúchán poiblí ar an Scéim Sound & Vision 3 a bheartaítear. Tiocfaidh an scéim sin in ionad Sound & Vision II, a bhí i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2010 i leith. Chomh maith leis sin, d'éascaigh an eagraíocht raon imeachtaí chun Sound & Vision a chur chun cinn agus a phoibliú agus ghlac sí páirt sna himeachtaí sin freisin.

Cruthaítear ioncam an Chiste Craolacháin trí 7% de tháillí ceadúnas teilifíse, rud a leithdháiltear ar an gCiste tríd an Státchiste. In 2014, fuair an BAI €14.156m ón Státchiste don Chiste. B'ionann é sin agus laghdú €250,000 ón bhfigiúr de €14.399m a fuarthas in 2013.

Sound & Vision II

Bunaíodh an Scéim Sound & Vision chun cistiú a chur ar fáil mar thaca le cláir ardchaighdeáin ar chultúr, oidhreacht agus thaithí na hÉireann; le cláir a bhfuil sé mar aidhm acu litearthacht d'aosaigh agus litearthacht na meán a fheabhsú; agus le cláir a phléann saincheisteanna domhanda a théann i bhfeidhm ar an stát agus ar thíortha eile.

Reáchtáladh trí bhabhta den scéim Sound & Vision II in 2014. Bhí dhá bhabhta oscailte agus babhta spriocdhírithe amháin i gceist inti. Bhain an babhta spriocdhírithe le hoideachas agus le beochan, ar formáidí iad a ndéantar gannionadaíocht dóibh. Fuarthas 678 n-iarratas san iomlán sna trí bhabhta. Ag deireadh na bliana, bhí an measúnú agus an leithdháileadh cistithe i dtaca leis an dá bhabhta oscailte curtha i gcrích agus bhí breithniú agus cinneadh le déanamh ag an Údarás ar an mbabhta spriocdhírithe in 2015. Leithdháileadh cistiú €10.36m chun tacú le 50 tionscadal teilifíse agus 194 thionscadal raidió de bharr an phróisis mheasúnaithe. Síníodh 311 chonradh in 2014 agus rinneadh íocaíochtaí tosaigh. De na 413 íocaíocht eile a rinneadh, áiríodh le 325 cinn íocaíochtaí conartha deiridh sa chás go ndearnadh na doiciméid riachtanacha tabhairt chun críche a chur isteach agus a fhaomhadh. Íocadh €13.626m san iomlán i ndeontais don bhliain 2014.

Raidió

Den dá bhabhta a measúnaíodh in 2014, fuarthas 425 iarratas ar thionscadail raidió. Iarradh tacaíocht cistithe ón Scéim arbh ionann í agus €3.27m san iomlán. Faoi mar a bhí an scéal i mblianta roimhe sin, ba mhó go mór líon na n-iarratas a fuarthas agus an tsuim a iarradh ná cumas an chiste chun tacaíocht a thabhairt. Fuair 194 thionscadal raidió tacaíocht cistithe arbh ionann í agus €1.12m san iomlán. Freastalaíodh ar éagsúlacht leathan lucht féachana ó thaobh seánraí agus cainéal de. Ba iad cláir faisnéise agus cláir dhrámaíochta na seánraí do raidió a fuair an tacaíocht ba mhó agus bhí tionscadail siamsaíochta agus oideachais le sonrú sna leithdháiltí cistithe.

Buaicphointí Cistithe agus Craolacháin

Faoi mar a bhí an scéal i mblianta roimhe sin, leanann raon na gclár atá ag fáil tacaíochta ón Scéim de bheith an-éagsúil ar fud éagsúlacht leathan seirbhísí. Tugann na cláir agus na sraitheanna a leagtar béim orthu sa tuarascáil sampla den raon ábhar agus de cháilíocht a léirithe i seirbhísí seirbhíse poiblí, i seirbhísí tráchtála agus i seirbhísí craolachán pobail.

- Tá ag méadú ar líon na dtionscadal drámaíochta atá sna hiarratais raidió a fhaightear agus ní raibh an bhliain 2014 ina heisceacht ina leith sin. Áiríodh na tionscadail seo leis na tionscadail shuntasacha: *Fairies only Wear Wings* ar Shannonside 104FM, ina bpléitear an scéal 20 bliain d'aois faoi shaol agus bhás mistéireach Lizzie Lacey i lár tíre na hÉireann; *Voices from the River City*, atá ina shraith de shé dhráma dhifriúla a craoladh ar Live 95FM i Luimneach chun ainmniú Luimnigh mar Chathair Chultúir do 2014 a cheiliúradh; athchóiriú ar dhráma le Billy Roche dar teideal *A Handful of Stars*, a craoladh ar South East Radio; agus, dráma nua dar teideal 'The Blood of Squirrels' a craoladh ar Newstalk. Tacaíodh le drámaíocht raidió ar raidió pobail freisin. Dámhadh cistiú do chúig sheirbhís pobail agus spéis phobail le haghaidh ocht ndráma dhifriúla raidió a léiriú, lenar áiríodh *Cúirt an Mheán Oíche*, a craoladh ar Cork Campus Radio, agus *On the Shortest Day of Winter*, a craoladh ar Dublin City FM.
- In *Coming out in the Kingdom*, a craoladh ar Spin South West agus a fuair tacaíocht ó Ciarraí Amach, ar grúpa LADT é, scrúdaítear saol an duine óig aeraigh in áit tuaithe choimeádach den chuid is mó in Éirinn. Pléitear go háirithe leis an gcinneadh chun teacht amach mar dhuine aerach agus conas a rinneadh é sin.
- Bhí sraitheanna clár faisnéise ina gcuid den leithdháileadh cistithe ar sheirbhísí pobail in 2014 agus áiríodh leo *Side Streets* ar Tipperary MidWest Community Radio agus *Kilmallock Walled and Alive* ar East Limerick Community Radio.
- Tugadh cistiú do *Arts on Air* ar Connemara Community Radio in 2014 freisin. Sholáthair an tionscnamh uaillmhianach clár sin 22 uair de chraolachán beo a bhí ar ardchaighdeán, siamsúil agus beoga ó Fhéile Ealaíon Pobail an Chlocháin.
- Bhí *The Appliance of Science* ina shraith de chláir 15-30 nóiméad ar Ocean FM arbh é ab aidhm dóibh beogacht a chur san eolaíocht agus í a dhéanamh inrochtana do gach éisteoir.
- Bhuaigh sraith le Athena Media a fuair cistiú trí Sound & Vision dhá bhonn óir i bhFéile Raidió Nua-Eabhrac 2014. In *Citizens: Lockout 1913*, pléadh na scéalta, na himeachtaí agus na pearsana i bhFrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath in 1913. Iniúchadh conas a réamhléirigh sé imeachtaí 1916 agus a chuir sé le sochaí nua-aimseartha na hÉireann a mhúnlú. Sa chlár raidió ocht gcuid *Herosongs*, iniúchadh laochra fir agus mná i dtraidisiún amhránaíochta na hÉireann.
- Ábhar don chlár faisnéise ar Newstalk dar teideal *Turas* ba ea foghlaim na Gaeilge i mBéal Feirste thoir. Bhuaigh an clár bonn cré-umha sna PPI Radio Awards 2014.

Teilifís

Cosúil le raidió, ba mhó go mór líon agus luach na n-iarratas a fuarthas ar thacaíocht cistithe do thionscadail teilifíse ná na cistí a bhí ar fáil. Fuarthas 163 iarratas sa dá bhabhta agus iarradh cistí arbh ionann iad agus €32.97m san iomlán. Cé gur cháiligh líon ard tionscadal tríd an bpróiseas measúnaithe painéil, bhí roinnt tionscadal ardchaighdeáin ann nárbh fhéidir tacaíocht a thabhairt dóibh mar gheall ar an bhfáil measartha teoranta ar chistí. Sa chomhthéacs sin, bhain ríthábhacht leis an gcéad chéim eile den mheasúnú, ba é sin, céim an mheasúnaithe straitéisigh, chun a chinntiú go leithdháilfí tacaíocht cistithe ar an meascán is mó de sheánraí agus d'fhormáidí. An seánra a raibh an tionchar ba mhó air i gcéim an mheasúnaithe straitéisigh ba ea cláir faisnéise, mar gurbh í sin an fhormáid ba mhó síntiús sa bhabhta. Tar éis na próisis mheasúnaithe a chur i gcrích, d'éirigh le 50 tionscadal tacaíocht cistithe €9.25m a fháil.

Still from *One Million Dubliners*
Produced by Underground Films. Broadcast on RTÉ 1.

Buaicphointí Cistithe agus Craolacháin

- Craoladh *Red Rock* ar TV3 in 2014. Fógraíodh *Red Rock* mar dhráma Éireannach príomh-ama nuálach nua. Tá sé suite i mbaile cuain i mBaile Átha Cliath agus déantar iniúchadh ann ar shochaí nua-aimseartha Éireannach trí shúile an phobail chósta agus na nGardaí atá ar dualgas ann.
- Tá an dráma dúghrinn dar teideal *Fir Bolg* ina dhráma 6 chuid ina n-insítear an scéal faoi athaontú ceann amháin de na grúpaí ceoil thraidisiúnta is mó meas agus ómós in Éirinn. Tá Fir Bolg le cur i gcrích in 2015 agus craolfar é ar TG4.
- In *The Parlour Sessions*, ar sraith 12 chuid de chuid Dublin Community Television (DCTV) é, ceiliúrtar comóradh 25 bliana Whelan's i Sráid Loch Garman, ionad a imríonn ról ríthábhachtach i saol ceoil neamhspleách na hÉireann. Taispeánfar pobal beoga ceoil neamhspleách na hÉireann ann ach stiúideo sealadach a bhunú san ionad agus léireofar taibhithe beo ag ceoltóirí ag seinm san ionad ann. Tá an tsraith le craoladh i mí Feabhra 2015.
- Is é is an tsraith bheoite fillte 26 chuid dar teideal *Wildernuts* ann ná seó tóraíochta a chraoltar ar RTÉjr arb é is aidhm dó tús eolais a thabhairt do leanaí óga ar iontas ghnáthóga dúchasacha na hÉireann.
- Tá *Get the Numbers, Write*, atá le craoladh ar TV3 go luath sa bhliain 2015, ina shraith litearthachta d'aosaigh ina bhfuil trí chuid agus ina leantar cúigear atá ag tabhairt faoi chúrsa sé seachtaine agus iad ag iarraidh a scileanna litearthachta a fheabhsú.
- Tá an príomhscannán faisnéise *One Million Dubliners* suite i Reilig Ghlas Naíon agus insítear scéal na beatha agus an bháis in Éirinn na linne seo ann. Craoladh é ar RTÉ One in 2014 agus eisíodh é i bpictiúrlanna ina dhiaidh sin sa bhliain sin. Ba é *One Million Dubliners* ina chomhbhuaiteoir ar an dámhachtain don Phríomhscannán Faisnéise Éireannach is Fearr ag Fleá Scannán Idirnáisiúnta na Gaillimhe 2014 agus bhuaigh sé dámhachtain Léitheoirí The Irish Times don Scannán Éireannach is Fearr don Bhliain 2014 freisin.
- In *Blood Fruit,* taifeadtar an scéal faoi conas a chuaighgníomhartha Mary Manning agus deichniúr oibrithe eile in Dunnes Stores i Sráid Anraí i mBaile Átha Cliath i bhfeidhm ar an ngluaiseacht in aghaidh na cinedheighilte ar fud an domhain. Ba é *Blood Fruit*, a craoladh ar TG4, an comhbhuaiteoir eile ar an dámhachtain don Phríomhscannán Faisnéise Éireannach is Fearr ag Fleá Scannán Idirnáisiúnta na Gaillimhe 2014.
- An scéinséir Gaeilge dar teideal *An Bronntanas*, a fuair cistiú i mbabhta níos luaithe den scéim Sound & Vision agus a craoladh ar TG4, d'éirigh leis ainmniúchán a fháil i nGrádaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann agus fuair sé dámhachtain speisialta na moltóirí i bhFéile Scannán Éireannach Bhostúin.

Rialachas Scéime: Sound and Vision 3

Ach leas a bhaint as na torthaí ar an athbhreithniú reachtúil ar Sound & Vision II, sheol an BAI comhairliúchán poiblí ar Sound & Vision 3, a thiocfaidh in ionad na scéime reatha. Go luath sa bhliain 2014, bhreithnigh an t-Údarás na torthaí ar an gcomhairliúchán poiblí agus thug sé an dréacht-Scéim chun críche, rud a cuireadh faoi bhráid an Aire tamall gairid ina dhiaidh sin.

Ceann amháin de na bunghnéithe den athbhreithniú agus den leasú a rinne an t-Údarás ar an scéim reatha ba ea tuilleadh solúbthachta a thabhairt isteach d'iarratasóirí, do chraoltóirí agus don BAI gan an méid a chuireann an scéim le craolachán Éireannach agus le lucht féachana/éisteachta na hÉireann a laghdú.

Bhí an tAire i bhfabhar thograí an Údaráis den chuid ba mhó agus d'fhaomh sé an scéim faoi réir roinnt mionleasuithe i mí Lúil agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh í lena faomhadh.

Roimh sheoladh Sound & Vision 3, d'fhaomh an t-Údarás babhtaí cistithe do 2015 agus do 2016. Oibreofar cúig bhabhta cistithe thar thréimhse dhá bhliain sa scéim.

Feasacht ar an Scéim Sound & Vision

Chuaigh an BAI i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla ar fud 2014 mar chuid dá obair leanúnach chun feasacht ar an gCiste Craolacháin agus rannpháirtíocht ann a chinntiú. Go mall sa bhliain 2014, reáchtáil an BAI imeachtaí faisnéise tionscail ar an scéim nua Sound & Vision 3 don earnáil teilifíse agus don earnáil raidió araon. Leagadh an plean babhtaí do 2015 agus do 2016 amach agus pléadh an tionchar a bhí ag athruithe creidmheas cánach Alt 481 ar an BAI.

Ar fud na bliana, rinne an BAI ionadaíocht don chiste craolacháin ag imeachtaí éagsúla amhail Féile oiliúna CRAOL agus Féile Ealaíona Fuaime HearSay.

Ghlac an BAI páirt in imeachtaí i bhFéile Scannán Idirnáisiúnta Jameson, i bhFleá Scannán na Gaillimhe, i bhFéile Scannán Chorcaí agus i bhféile clár faisnéise Guth Gafa. Thug sé tacaíocht do na himeachtaí sin freisin.

An Scéim um Chartlannú

Forbraíodh an Scéim um Chartlannú trí theagmháil a dhéanamh le raon leathan craoltóirí agus sainghrúpaí d'fhonn cur le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú agus rochtain bhreise a chur ar fáil don phobal ar stair agus ar chultúr an-saibhir an chraolacháin in Éirinn. Tá an scéim á cistiú trí chéatadán den Chiste Craolacháin bliantúil, a thagann ó tháillí ceadúnas teilifíse.

Tar éis cistiú €1.5m a leithdháileadh i mbabhta cistithe 1 den scéim, rinneadh dul chun cinn ar idirbheartaíocht chonartha le 7 n-iarratasóir rathúla in 2014.

Cuireadh Babhta 2 den scéim i gcrích in 2014. Fuarthas 18 n-iarratas san iomlán lenar iarradh cistiú de thart ar €7m agus leithdháileadh cistiú de thart ar €2.26m ar 10 dtionscadal. Áiríodh na nithe seo leis na tionscnaimh a cistíodh: ceol agus cláir faisnéise ar TG4 a chartlannú; lánas nuachta, cúrsaí reatha agus cultúir ar TV3 a chartlannú; cineálacha éagsúla lánais ar Newstalk 106, ar Connemara Community Radio agus ar RTÉ a chartlannú; fógraí ó na 1960í go dtí na 1980í atá á gcoimeád ag Institiúid Scannán na hÉireann a chartlannú agus tacú le cartlann dhigiteach cluichí CLG.

Chomh maith leis sin, d'iarr an t-Údarás síneadh leis an scéim go deireadh mhí Aibreáin 2016 ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Deonaíodh an síneadh sin. Cumasóidh an síneadh babhta breise den scéim a dtabharfar faoi in 2015 roimh an athbhreithniú reachtúil riachtanach.

Jane McGrath & Patrick Ryan in *Red Rock*
Produced by Element Pictures and Company Pictures. Broadcast on TV3.

Creideann an BAI gur rudaí bunúsacha a chosnaíonn sochaí dhaonlathach iad an soláthar uilechoiteann nuachta agus cúrsaí reatha a bhfuil go leor acmhainní acu mar aon le cultúr ina bhfuil caint aibí, díospóireacht oscailte agus easaontas rathúil.

IOLRACHT
A CHINNTIÚ

Is é straitéis an BAI i dtaca le hiolracht ná leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil rochtain ag an mbreathnóir agus ag an éisteoir ar iolracht soláthraithe a thairgeann guthanna agus dearcthaí ar féidir leo muinín agus iontaoibh a bheith acu as a raon cuimsitheach. Mar rialálaí, creideann an BAI gur rudaí bunúsacha a chosnaíonn sochaí dhaonlathach iad an soláthar uilechoiteann nuachta agus cúrsaí reatha a bhfuil go leor acmhainní acu mar aon le cultúr ina bhfuil caint aibí, díospóireacht oscailte agus easaontas rathúil.

Measann an BAI go bhfuil ról lárnach ag iolracht i gcuspóirí daonlathacha a chothú agus tá sé mar aidhm aige iolracht a chosaint trí athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar sheirbhísí craolacháin, trína shocruithe le haghaidh stáisiúin raidió agus teilifíse a cheadúnú agus trí fhreastal go cúramach ar shaincheisteanna úinéireachta agus rialaithe na gconraitheoirí craolacháin. Baineann tábhacht áirithe leis an obair sin nuair is gá ceadúnais a athnuachan ach is cuid bhuan den fhreagracht atá ar BAI í.

Ó thaobh chuspóirí na heagraíochta de, tá an BAI tiomanta do bheith i gceannas ar dhíospóireacht eolach ar iolracht i gcraolachán na hÉireann agus do chur leis an díospóireacht sin. Ina theannta sin, tá an BAI tiomanta do thimpeallacht craolacháin a éascú agus a choimeád ar bun a sholáthraíonn meascán de chineálacha seirbhíse agus d'fhoinsí dearcaidh agus nuachta don bhreathnóir agus don éisteoir trí sheirbhísí a cheadúnú.

An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014

San Acht nua um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, a achtaíodh go mall in 2014, samhlaítear róil ar leith don BAI i dtaca le forálacha cumasc meán. Go sonrach, gné thábhachtach ó thaobh an BAI de is ea an tacar nua forálacha a bhaineann le cumaisc mheán. Tá na forálacha sin i gCuid 4 den Acht. Bhí páirt á glacadh ag an BAI ar fud na bliana in aighneachtaí a dhéanamh faoin dréacht reachtaíocht sular achtaíodh í.

De bharr na reachtaíochta nua, aistríodh an fhreagracht as cumaisc mheán a fhormheas ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Is dírithe ar shaincheisteanna iolrachta atá gné an Aire den phróiseas um chumaisc mheán a bhreithniú. I gcúinsí ina bhfuil imní ar Aire go bhféadfadh nach mbeadh cumasc meán le leas an phobail ó thaobh iolracht mheán a chosaint sa Stát de, féadfaidh an tAire iarraidh ar an BAI scrúdú a dhéanamh ar an gcumasc beartaithe faoin Acht nua. Chuirfeadh an tAire aon tuarascáil a thiocfadh as scrúdú an BAI san áireamh ina dhiaidh sin agus an cinneadh deiridh á dhéanamh aige ar cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar leanúint leis an gcumasc atá beartaithe.

Ceanglaítear leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí freisin go bhfoilsíonn an BAI faisnéis faoi úinéireacht meán agus faoin tionchar a bheidh ag aon athruithe meán a rinneadh le déanaí ar iolracht na meán. Tá an chéad fhoilseachán ón BAI ag teastáil laistigh de bhliain amháin tar éis an reachtaíocht a achtú agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Faoi dheireadh na bliana, bhí tús curtha le hobair ullmhúcháin ar roinnt snáitheanna oibre a bhaineann le taighde ar iolracht agus le seasamh beartais an BAI go ginearálta.

Is é cuspóir straitéiseach an BAI leanúint de bheith ina ghuth eolach a bhfuil muinín as sa timpeallacht meán, agus é inrochtana agus ar fáil don phobal, don lucht déanta beartas, do chraoltóirí agus don Rialtas.

TIONCHAR A IMIRT AGUS CUMARSÁID A DHÉANAMH

Is é cuspóir straitéiseach an BAI leanúint de bheith ina ghuth eolach a bhfuil muinín as sa timpeallacht meán, agus é inrochtana agus ar fáil don phobal, don lucht déanta beartas, do chraoltóirí agus don Rialtas. Gné ríthábhachtach den chuspóir sin is ea béim ar chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe i dteannta béim athnuaite ar chumarsáid agus ar theagmháil leis an bpobal agus le daoine agus le heagraíochtaí atá ábhartha do ról na heagraíochta.

In 2014, chuir an BAI le fóraim náisiúnta agus le fóraim idirnáisiúnta agus é ag comhlíonadh a chuspóra chun a bheith ina ghuth eolach a bhfuil muinín as sna meáin. Ag an leibhéal náisiúnta, ba leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a bhí an-chuid den teagmháil. Ag an leibhéal idirnáisiúnta, léirigh na téamaí d'obair an BAI in 2014 príomhchuspóirí na heagraíochta maidir le hiolracht agus le héagsúlacht agus léirigh siad go praiticiúil na forbairtí a bhí á dhéanamh i ndáil leis an athbhreithniú ar reachtaíocht chraolacháin, an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc go háirithe.

Ba ar bhealaí éagsúla in 2014 a comhlíonadh an gealltanas a thug an BAI go rachadh sé i dteagmháil leis an bpobal, le craoltóirí agus le páirtithe leasmhara eile. Cuid lárnach de chomhlíonadh an ghealltanais sin ba ea Plean Bainistíochta Páirtithe Leasmhara a fhorbairt. Cuireadh an plean chun feidhme i rith na bliana. I dtreo dheireadh na bliana, tugadh faoi shuirbhé ar pháirtithe leasmhara agus tá sé beartaithe go ndéanfaidh na torthaí ar an bplean eolas do chur chuige an BAI maidir le cumarsáid agus le bainistíocht páirtithe leasmhara in 2015.

Rannpháirtíocht

Treoir maidir le Seirbhísí a Chur ar Fáil ar Eolaire Clár Leictreonach Saorview

Ar iarratas an Aire Cumarsáide, tháirg an BAI treoir maidir le seirbhísí a chur ar fáil ar Eolaire Clár Leictreonach Saorview (EPG). Chuaigh an BAI i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara ábhartha le linn dó tabhairt faoin obair sin. Ní hé amháin gur léirigh an treoir iarmhartach na forálacha reachtúla, léirigh sí eispéireas na gcraoltóirí go dtí seo in oibriú ardán Saorview freisin. Ní hé amháin go n-éascóidh an Treoir an líon reatha seirbhísí, déanfaidh sí soláthar freisin do chur chuige loighciúil córasach maidir le seirbhís bhreise ar bith eile a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar an ardán sa todhchaí.

Creat maidir le "Gné Seirbhíse Poiblí" a chinneadh - Alt 130, Acht 2009

D'fhreagair an BAI freisin d'iarraidh ón Roinn tuairim a chur in iúl faoi chreat molta na Roinne maidir le cinneadh a dhéanamh ar cé acu is seirbhís chláir de ghné seirbhíse poiblí í an tseirbhís chláir nó nach ea, de bhun fhorálacha Alt 130 d'Acht 2009. Den chuid ba mhó, bhí an t-Údarás i bhfabhar an chuir chuige chuimsithigh a bhí á mholadh. Mar sin féin, rinne sé roinnt moltaí, ar ghlac an Roinn leo ina dhiaidh sin, le haghaidh an creat a bhreisiú. Bhí na moltaí sin comhsheasmhach le cuspóirí uileghabhálacha na reachtaíochta craolacháin agus an bheartais chraolacháin atá ann cheana.

An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014

Roimh achtú na reachtaíochta nua agus ina dhiaidh, d'oibrigh an BAI go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir leis na forálacha i gCuid 4 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 a bhaineann le cumaisc mheán. Léirigh an ról a beartaíodh don BAI faoin Acht rannpháirtíocht agus taithí na heagraíochta maidir le cinntí a dhéanamh ar úinéireacht agus rialú na seirbhísí craolacháin in Éirinn agus ar shaincheisteanna ginearálta i dtaca le hiolracht sa Stát.

Beartas agus Reachtaíocht Náisiúnta agus Beartas agus Reachtaíocht na hEorpa maidir le Craolachán

Le linn 2014, bhí an BAI i dteagmháil rialta le hoifigigh sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le saincheisteanna a tháinig aníos sa bheartas agus sa reachtaíocht náisiúnta agus i mbeartas agus i reachtaíocht na hEorpa maidir le craolachán. Áiríodh leis sin páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán a reáchtáil Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir lena Dréacht-Pháipéar ar Bheartas Closamhairc san Aois Dhigiteach. Nuair ba chuí, chuir an t-Údarás comhairle ar fáil faoi leasuithe féideartha ar an reachtaíocht náisiúnta a d'fheabhsódh an creat reachtúil reatha.

Rannpháirtíocht

Lean an BAI ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach i raon fóram náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le rialáil craolacháin agus le gníomhaíochtaí gaolmhara le linn na bliana 2014. Áiríodh iad seo a leanas leis an rannpháirtíocht sin:

An Grúpa Rialálaithe Eorpacha do Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA)

Lean an BAI ar aghaidh lena rannpháirtíocht in ERGA ar aon dul leis an gclár oibre a comhaontaíodh sa bhliain 2013, agus páirt á glacadh aige i gcruinnithe iomlánacha agus i ngrúpaí oibre a cuireadh ar bun chun scrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc.

Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála (EPRA)

Lean an BAI ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh i gclár oibre EPRA le linn na bliana, rud a dhírigh ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

1 Coinbhéirseacht agus scrúdú ar shamhlacha nua um rialáil meán agus freagairtí rialála sa tírdhreach meán nua, agus
2 Ilchineálacht agus cuimsiú a chinntiú sna meáin agus dúshláin nua a bhaineann le fuathchaint

Toghadh Celene Craig, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an BAI, chuig an ról mar leaschathaoirleach i mí an Mheithimh 2014 agus, ag gníomhú di sa cháil sin, rinne sí ionadaíocht do EPRA ag seimineár ar shaoirse cainte a eagraíodh mar chuid d'Fhóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a tionóladh i Maracó i mí na Samhna 2014.

An Institiúid Idirnáisiúnta um Chumarsáid (IIC)

Rinne Príomhfheidhmeannach an BAI ionadaíocht don eagraíocht ag comhdháil bhliantúil na rialálaithe domhanda, rud a d'eagraigh an IIC agus a tionóladh i Vín i mí Dheireadh Fómhair 2014. Ba ag an gcomhdháil sin a rinne sé cathaoirleacht ar sheisiún inar pléadh na dúshláin agus na deiseanna atá roimh chraoltóirí seirbhíse poiblí agus roimh chraoltóirí tráchtála araon sa timpeallacht teilifíse nasctha.

Coiste Teagmhála an CE ar an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc

Chomh maith leis sin, bhí an BAI i measc na toscaireachta Éireannaí ag an 40ú cruinniú de chuid Choiste Teagmhála an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc, rud a tionóladh sa Bhruiséil i mí na Samhna 2014.

Féile Meán Salford

Rinneadh ionadaíocht don BAI ag 21ú Féile Meán Idirnáisiúnta Salford, rud a bhí ar siúl in Ollscoil Salford i Manchain. Rinne cainteoirí ag an gcomhdháil plé ar raon topaicí éagsúla, lenar áiríodh craolachán seirbhíse poiblí agus samhail cistiúcháin na táille ceadúnais; an ról a bhíonn ag comhléiriúchán san earnáil chlosamhairc; cistiú don teilifís agus don scannánaíocht; agus éagsúlacht i dtionscail chultúir na Ríochta Aontaithe.

Féile na Meán Ceilteach

Rinneadh ionadaíocht don BAI an athuair ag Féile na Meán Ceilteach, rud a tionóladh in St. Ives, Corn na Breataine. Is é aidhm na féile teangacha agus cultúir na dtíortha Ceilteacha agus na réigiún Ceilteach a chur chun cinn agus a cheiliúradh trí scannáin, tríd an teilifís, tríd an raidió agus trí na meáin dhigiteacha. Ní hé amháin go ndearna an BAI ranníocaíocht urraíochta leis an bhféile, ach reáchtáil sé dhá imeacht freisin, ba iad sin: imeacht líonraithe do léiritheoirí faoi thacaíocht an BAI a bhí ar an ngearrliosta le haghaidh dámhachtainí ag an bhféile agus imeacht painéil dar teideal 'Comhoibriú', áit ar pléadh na fadhbanna agus na deiseanna a bhíonn roimh léiritheoirí cláir mhionteanga ar fud an domhain.

Chun tacú le Craolachán Seirbhíse Poiblí a fhorbairt i Maracó, d'óstáil **an Fhaireachlann Eorpach Closamhairc** imeacht i mí na Nollag ar na gnéithe

Oíche Chultúir an BAI 2014

cistiúcháin agus eacnamaíocha de chraolachán seirbhíse poiblí. Ar iarraidh ón bhFaireachlann, chomhroinn Celene Craig obair agus taithí rialála an BAI ar chistiú craoltóirí seirbhíse poiblí in Éirinn.

Cumarsáid agus Tacaíocht

Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí

Cuireadh clár cuimsitheach gníomhaíochtaí cumarsáide le chéile don bhliain 2014, agus é ag dul i bhfeidhm ar réimsí éagsúla oibre ar fud na heagraíochta. Bhí aidhmeanna éagsúla ag gabháil leis na gníomhaíochtaí sin, lenar áiríodh: feasacht an phobail a mhéadú; tacú le comhairliúcháin phoiblí agus le comhairliúcháin eile a bhí ar bun ag an BAI; agus plé agus díospóireacht a éascú ar an obair a dhéanann an BAI agus ar an gcur chuige a ghlacann sé i leith rialáil. Bhí na nithe seo a leanas i measc na mbuaicphointí imeachta sa bhliain:

- Leanadh ar aghaidh le clár an BAI um chomhrá poiblí. Ba é **'Iolracht san Aois Dhigiteach'** an t-ábhar comhrá sa bhliain 2014. Ba é ab aidhm don imeacht scrúdú agus comhroinnt a dhéanamh ar na tuairimí atá ag craoltóirí, ag na meáin chlóite, ag ionadaithe na meán nua agus ag páirtithe leasmhara eile ar a ábhartha atá cineálacha traidisiúnta cur chuige i leith iolracht sna meáin a chosaint.
- Tionóladh roinnt imeachtaí le linn na bliana chun tacú le comhairliúcháin de chuid an BAI. Chomh maith leis sin, tugadh faoi chomhairliúcháin bhreise ar líne don athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana, ar an gCód um Chaighdeáin Chlár agus don athbhreithniú reachtúil ar Sound & Vision II.
- I gcomhar leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, d'eagraigh an BAI seimineár ar an téama **'Oideachas tríd an Teilifís: Foghlaim ó Scéal na Litearthachta Aosach'**. Tionóladh an seimineár in Institiúid Scannán na hÉireann mar chuid den tSeachtain Náisiúnta um Fheasacht ar Litearthacht Aosach. Sárthaispeánadh lánas litearthachta agus scrúdaíodh na deiseanna nua atá ann le haghaidh comhoibriú ag an seimineár.
- Oíche Chultúir: ba é seo an dara bliain inar ghlac an BAI páirt san imeacht seo a bhfuil an-tóir air. Bhain breis agus 250 cuairteoir ar oifigí an BAI taitneamh as tolglann éisteachta agus as Sol Cinema, ar chuimsigh an dá cheann díobh sleachta ó thionscadail raidió agus teilifíse ar ardchaighdeán a cistíodh tríd an Scéim Sound & Vision.
- D'óstáil an BAI roinnt léirithe scannáin le linn na bliana, lenar áiríodh *One Million Dubliners*, clár faisnéise a bhfuil dámhachtainí buaite aige, agus scannáin ar nós *Kings* agus *The Guarantee*.

Caidreamh leis na Meáin

Gné thábhachtach d'fheidhm chumarsáide an BAI is ea oibriú go réamhghníomhach leis na meáin ar roinnt bealaí éagsúla. Baineann an BAI úsáid as a shuíomh gréasáin agus as na meáin shóisialta chun faisnéis a chur ar fáil faoina chuid cinntí rialála agus faoina chuid gníomhaíochtaí i gcoitinne. Ní hé amháin go mbíonn feasacht níos fearr ann ar an eagraíocht agus ar a chuid oibre anois mar gheall ar an úsáid mhéadaithe a bhaineann ag an BAI as na meáin shóisialta, ach bíonn caidreamh níos fearr aige leis an bpobal agus leis an tsochaí shibhialta mar gheall uirthi chomh maith.

Eisíodh 60 preasráiteas le linn na bliana. Pléadh raon saincheisteanna difriúla iontu. Bhí cumhdach suntasach ann sna meáin ar an BAI agus ar a chuid oibre le linn na bliana, agus níos mó ná 500 alt a bhain le hobair agus le ról an BAI le léamh sna meáin náisiúnta agus áitiúla. Ar leibhéal náisiúnta, ba le cinntí ón gCoiste um Chomhlíonadh i leith gearán agus le conradh lánais teilifíse a bhronnadh ar UTV Ireland a bhain na topaicí ba mhó clúdach. Ar leibhéal áitiúil, lean daoine ar aghaidh le suim a chur sna próisis éagsúla cheadúnúcháin agus i gcur chun cinn na gclár éagsúil raidió agus teilifíse arna gcistiú tríd an scéim Sound & Vision.

Saoráil Faisnéise

Tá an BAI faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise freisin. Is uirlis thábhachtach é an tAcht maidir le freastal ar rochtain mhéadaithe ag daoine den phobal agus ag páirtithe leasmhara ar thuilleadh sonraí faoi na cinntí a dhéanann an eagraíocht. Le linn na bliana 2014, fuair an eagraíocht 18 n-iarraidh ar fhaisnéis. Deonaíodh 3 cinn díobh, deonaíodh 8 gcinn díobh go páirteach agus diúltaíodh 2 cheann díobh. Déileáladh le 2 iarraidh eile lasmuigh den phróiseas Saoráil Faisnéise agus tarraingíodh iarraidh amháin siar. Bhí 2 iarraidh eile idir lámha ag deireadh na bliana. Iriseoirí a bhí i bhformhór mór na n-iarrthóirí agus áiríodh iad seo a leanas leis an gcineál faisnéise a iarradh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise: doiciméid tacaíochta a bhain le torthaí ar bhabhtaí cistiúcháin na Scéime Sound & Vision; ábhair chonarthacha agus cheadúnúcháin, miontuairiscí ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus Coistí Reachtúla; Teilifís Trastíre Dhigiteach agus ábhair rialachais. Ag deireadh na bliana, bhí ullmhúcháin á dhéanamh ag an eagraíocht chun comhlíonadh fhorálacha an Achta nua um Shaoráil Faisnéise 2014 a chinntiú. Samhlaíodh go ndéanfaí tuilleadh oibre ina leith sin sa bhliain 2015.

Urraíocht

Tugtar faoi Scéim Urraíochta an BAI ar bhonn bliantúil agus faoi chuimsiú a mhórghníomhaíochta cumarsáide. Agus imeachtaí éagsúla á n-urrú aige, faigheann an BAI deis thábhachtach cumarsáid a dhéanamh le raon grúpaí geallsealbhóirí agus feasacht a mhéadú ar chuspóirí straitéiseacha agus ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta. Tríd an urraíocht a chuireann sé ar fáil, creideann an BAI go mbíonn sé ag cur le fás agus le forbairt leanúnach an tionscail chlosamhairc in Éirinn. Bronnadh cistiú urraíochta €110,000 san iomlán ar 17 gcinn d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí éagsúla. Áiríodh leo sin tacaíocht leanúnach do dhámhachtainí raidió PPI, do Fhleadh Scannán na Gaillimhe agus d'Fhéile na Meán Ceilteach. Maidir leis an nGaeilge, d'urraigh an BAI tionscnaimh de chuid Ghlór na nGael, Sheachtain na Gaeilge agus Ghael Linn.

Taighde

Ina Ráiteas Straitéise 2014-2016, chuir an BAI an lucht féachana/éisteachta ag croílár a chuid breithnithe agus cinntí. I bplean oibre an BAI 2014 – 2016, mar sin, thug an BAI tosaíocht do roinnt saothair shuntasacha thaighde lucht féachana/éisteachta a scóipeáil agus a dhéanamh sna blianta 2015 agus 2016 d'fhonn tacú le réimsí oibre amhail cóid agus rialacha, an litearthacht sna meáin agus cumarsáid agus d'fhonn eolas a thabhairt dóibh. Bhí dhá bhunsprioc inghnóthaithe ghaolmhara ann, ba iad sin go gcuirfí creat taighde lucht féachana/éisteachta le chéile agus ansin go ndéanfaí plean leanúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme do ghníomhaíochtaí taighde lucht féachana/éisteachta suas go deireadh na bliana 2016 agus go mbainfí leas as na sonraí a d'eascair as an taighde.

Chuir an BAI Creat Taighde Lucht Féachana/Éisteachta le chéile sa bhliain 2014. Leagtar amach sa Chreat an cur chuige foriomlán a ghlactar i leith taighde lucht féachana/éisteachta a choimisiúnú agus a dhéanamh, rud a thacaíonn le cinntí eolacha fianaise-bhunaithe a dhéanamh nuair a bhíonn feidhmeanna reachtúla an BAI á gcomhlíonadh. Is é is aidhm don chreat freisin a chinntiú go mbaineann an BAI an luach is fearr is féidir as aon fhaisnéis a bhailítear anois agus go mbainfidh sé an luach is fearr is féidir as aon fhaisnéis a bhaileofar amach anseo.

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí taighde lucht féachana/éisteachta don bhliain 2014/2015, ghabh an BAI air féin tabhairt faoi mhórshaothar taighde lucht féachana/éisteachta amháin ar a laghad. Tar éis dó dul i gcomhairle le comhlachtaí tionscail agus le rialálaithe eile sa bhliain 2014, chomhaontaigh an BAI tús a chur le suirbhéanna rianúcháin sa bhliain 2015. Is gníomhaíocht taighde nua don BAI é sin agus tá an eagraíocht ag súil go mbainfear tuilleadh úsáide as suirbhéanna rianúcháin amach anseo. Féachtar ar shuirbhéanna rianúcháin mar ghníomhaíochtaí taighde 'beo'. Cuirfear leis na suirbhéanna ar chumas an BAI treochtaí craolacháin agus treochtaí sna meáin i gcoitinne a rianú agus a thaifeadadh agus freagairt dóibh thar thréimhse ama ar leith. I suirbhéanna amach anseo, is féidir go scrúdófar réimsí amhail caighdeáin chraolacháin, litearthacht sna meáin agus iolracht sna meáin agus cuirfear faisnéis atá tábhachtach agus cothrom le dáta faoin lucht éisteachta agus faoin lucht féachana ar fáil iontu trí thuiscint a fháil ar a gcuid dearcthaí i leith na meán.

Seoladh Duaiseanna PPI 2014

Seachtain na Gaeilge 2014

Tá na cuspóirí arna leagan síos ag an BAI i ndáil leis an sprioc straitéiseach seo dírithe freisin ar iontaoibh agus ar mhuinín an phobail as craolachán Éireannach a mhéadú.

TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT CRAOLTÓIRÍ A NEARTÚ

Is é sprioc na gníomhaíochta rialála seo craoltóirí a dhéanamh cuntasach don phobal agus don tsochaí. Tá na cuspóirí arna leagan síos ag an BAI i ndáil leis an sprioc straitéiseach seo dírithe freisin ar iontaoibh agus ar mhuinín an phobail as craolachán Éireannach a mhéadú, áit a leagtar amach an méid ar féidir leis an lucht féachana agus leis an lucht éisteachta a bheith ag súil leis ó chraoltóirí. Ba leis na nithe seo a leanas a bhain na réimsí gníomhaíochta ar thug an BAI fúthu ina leith sin sa bhliain 2014: athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht craoltóirí seirbhíse poiblí; measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar athruithe conarthacha ó roinnt seirbhísí a bhí ceadúnaithe; Beartas Comhlíonta agus Feidhmithe an BAI a sheoladh agus faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí áirithe maidir le comhlíonadh Rialacha Rochtana an BAI.

An Clár Oibre um Rialáil Seirbhíse Poiblí

Faoin Acht Craolacháin 2009, tá raon freagrachtaí ar an BAI maidir le craolachán seirbhíse poiblí in Éirinn a rialáil. Ón taobh straitéiseach de, tá rún daingean ag an BAI a chinntiú go léiríonn RTÉ agus TG4 trédhearcacht agus cuntasacht maidir le cistí poiblí a úsáid de réir cheanglais dhlí na hÉireann agus dhlí na hEorpa agus go leanann siad ar aghaidh leis an leibhéal seirbhíse a mbíonn an lucht féachana/éisteachta ag súil leis uathu a chur ar fáil. Tá roinnt gnéithe reachtúla ann atá taobh thiar d'aidhm straitéiseach an BAI agus is leagtha amach thíos atá an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2014 faoi na gnéithe ábhartha.

Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2014

Faoi mar a cheanglaítear orthu leis an Acht Craolacháin 2009, chuir RTÉ agus TG4 a Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta isteach, áit ar leagadh amach na spriocanna agus na gníomhartha a raibh sé beartaithe acu iad a sholáthar le linn na bliana. Tá an próiseas trína leagann an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí gealltanais síos tábhachtach sa mhéid go leagann sé amach don lucht féachana/éisteachta an méid atá súil ag an dá chraoltóir a bhaint amach le linn na bliana. Chomh maith leis sin, cuireann sé leis an bpróiseas rialála a bhaineann lena leordhóthanaí atá na cistí poiblí atá ag an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí chun iad a chumasú a chuid cuspóirí a chomhlíonadh.

Príomhghné den Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta ón dá chraoltóir is ea a mhéid atá sé ag teacht leis an bplean cúig bliana atá acu, rud a cuireadh faoi bhráid an BAI mar chuid den athbhreithniú cúig bliana ar mhaoiniú poiblí sa bhliain 2012/2013. Beart eile is gá don Údarás a dhéanamh is ea a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na gealltanais ag teacht leis an gcreat um Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta a comhaontaíodh idir an BAI agus na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí agus a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a thomhas mar chuid den Athbhreithniú Bliantúil ar Mhaoiniú Poiblí i mbliain ina dhiaidh sin.

Maidir le RTÉ, chomhaontaigh an t-Údarás leis an gcur chuige nua a ghlac an craoltóir i leith a Ráitis Bhliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta. Bhí an t-Údarás sásta go mbeadh sé in ann an fhreagracht rialála atá

air a chomhlíonadh mar gheall go raibh an Ráiteas ar chomhréim le straitéis 5 bliana RTÉ agus leis an gcreat tuairiscithe a comhaontaíodh go frithpháirteach araon.

Maidir leis na gealltanais féin, thug an t-Údarás faoi deara gur de chineál cobhsaitheach a bhí siad den chuid is mó. Thug an t-Údarás faoi deara freisin an tionchar a d'imir an laghdú ar an maoiniú poiblí a bhí ar fáil ar na gealltanais a tugadh. Bhí an t-Údarás sásta gur chomhlíon RTÉ an gealltanas a thug sé le linn an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniú poiblí sa bhliain 2013 go dtabharfadh sé léiriú ar an maoiniú poiblí a mbainfeadh gach ceann de na seirbhísí úsáid as.

Maidir le TG4, bhí an t-Údarás sásta leis an dul chun cinn foriomlán a rinne an tseirbhís maidir lena Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta a ullmhú don bhliain 2014 agus go raibh an Ráiteas ar chomhréim leis an gcreat um Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta a comhaontaíodh leis an BAI agus le straitéis ilbhliantúil TG4.

Chuir an t-Údarás in iúl go raibh sé sásta gur leordhóthanach, i gcomhthéacs fhreagrachtaí rialála an Údaráis, a bhí an fhaisnéis a chuir RTÉ agus TG4 araon ar fáil.

Athbhreithniú Bliantúil ar Mhaoiniú Poiblí

San athbhreithniú bliantúil ar mhaoiniú poiblí don bhliain 2014, rinneadh breithniú ar a mhéid a chomhlíon an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, le linn na bliana roimhe, na gealltanais a thug siad don bhliain sin agus ar leordhóthanacht nó ar neamh-leordhóthanacht maoinithe phoiblí chun cumasú do TG4 agus do RTÉ a gcuspóirí seirbhíse poiblí faoi seach a chomhlíonadh.

Tugadh faoin athbhreithniú don bhliain 2014 le tacaíocht ó Oliver and Ohlbaum Associates (O&O). Tar éis an próiseas a chríochnú, rinne an t-Údarás moltaí don Aire i mí Mheán Fómhair maidir leis an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Rinne an t-Údarás moltaí freisin ar ábhair bheartais a bhain leis na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí agus le cineál reatha na rannpháirtíochta rialála le Craoltóirí Seirbhíse Poiblí.

Agus an dá athbhreithniú á dhéanamh acu, dhírigh O&O ar chúig phríomhréimse a chreid an t-Údarás a bheith lárnach de chraolachán seirbhíse poiblí a sholáthar, ba iad sin: feidhmíocht lucht féachana/éisteachta, lena n-áirítear méid agus sciar; leibhéal agus cineál an lánais aschuir a táirgeadh; an luach ar airgead a bhí á sholáthar ag an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí; agus an rannchuidiú a rinne an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí maidir le beogacht na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh in Éirinn.

- Feidhmíocht Lucht Féachana/Éisteachta, lena n-áirítear Sciar agus Méid

  Bhí an t-Údarás den tuairim gurbh fhorbairt an-dearfach í an obair a bhí déanta ag TG4 chun dul i gcion ar lucht féachana/éisteachta níos mó (agus ar dhiaspóra na hÉireann go háirithe) trína sruthanna ar líne. Cuireadh roinnt ábhar imní in iúl i leith lucht féachana/éisteachta na seirbhíse, go háirithe an sciar den lucht féachana/éisteachta atá aici agus aoisphróifíl an lucht féachana atá aici, go háirithe i gcomhthéacs na hiomaíochta méadaithí i dtimpeallacht teilifíse na hÉireann.

  Thug an t-Údarás faoi deara gur lean seirbhísí RTÉ ar aghaidh le lucht féachana/éisteachta mór a mhealladh agus le dul i dteagmháil leis an lucht féachana/éisteachta ar fud aoisghrúpaí éagsúla. Tugadh faoi deara gur dhúshlán leanúnach a bhí in ionadaíocht níos iomláine a dhéanamh don lucht éisteachta óg ar fud a sheirbhísí raidió. Gné dhearfach ba ea an fháil fhorleathan a bhí ann ar sheirbhísí RTÉ ar an idirlíon agus ar an dóigh a bhféadfadh an lucht féachana/éisteachta thar lear na seirbhísí sin a rochtain.

- Leibhéal agus Cineál na gClár

  Thug an t-Údarás faoi deara gur bhain lucht féachana/éisteachta TG4 an-taitneamh as a cuid clár agus gur chuir an craoltóir tuilleadh uaireanta nua Gaeilge ar fáil.

  Fuarthas amach san athbhreithniú gur mhéadaigh RTÉ a aschur teilifíse freisin beag beann ar chaiteachas laghdaithe.

- An Luach ar Airgead a bhí á sholáthar

  Bhí an t-Údarás sásta gur sholáthair TG4 dea-luach ar airgead i gcoibhneas leis an leibhéal maoinithe a fuair sí.

  Cé gur tugadh faoi deara gur tháinig laghdú eile ar ioncam tráchtála RTÉ sa bhliain 2013, bhíothas den tuairim gurbh éacht suntasach a bhí sa rath a bhí ar an gcraoltóir ioncam agus caiteachas a chomhardú don chéad uair le cúig bliana agus sa mhéadú a bhain sé amach in ioncam digiteach.

- An Méid a Cuireadh leis an gCruthaitheacht a Chothú in Éirinn

  Le linn an phróisis athbhreithnithe, fuair an t-Údarás amach gur lean RTÉ agus TG4 araon le rannchuidiú luachmhar a dhéanamh maidir le cruthaitheacht a chothú ar roinnt bealaí éagsúla in Éirinn.

- Rannchuidiú maidir le beogacht na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh in Éirinn

  D'aontaigh an t-Údarás leis an tuairim a bhí ag O&O gur lean an dá chraoltóir ar aghaidh le raon cuimsitheach clár Gaeilge a chothú agus a chraoladh go gníomhach. Ní hé amháin gur fhreastail an méid sin ar an lucht féachana/éisteachta in Éirinn, ach d'fhreastail sé ar an lucht féachana/éisteachta ar fud an domhain tríd an idirlíon freisin.

San aighneacht a chuir sé isteach, mhol an t-Údarás don Aire an maoiniú a chuirtear ar fáil do TG4 agus do RTÉ araon a mhéadú de réir an ráta boilscithe d'fhonn a chinntiú nach gcuirfí isteach arís eile ar chumas an dá chraoltóir seirbhísí cuimsitheacha a sholáthar don lucht féachana/éisteachta. Mhol an t-Údarás go láidir don Aire gan an maoiniú poiblí a chuirtear ar fáil do RTÉ agus do TG4 a laghdú ón leibhéal reatha bunaithe ar na leibhéil seirbhíse a bhí á soláthar ag an dá chraoltóir.

Chomh maith leis sin, chuir an t-Údarás roinnt tuairimí breise in iúl don Aire, tuairimí a bhain le próiseas an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniú agus a phléigh leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: na gníomhaíochtaí a tháinig as próiseas an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniú; an tionchar a bhí ag an gcor chun donais eacnamaíochta ar sceideal na gcraoltóirí; agus an creat reachtach atá ann maidir le gealltanais a leagan síos agus le hathbhreithnithe ar mhaoiniú a dhéanamh. D'aithin an t-Údarás freisin gur ghá roghanna deacra a dhéanamh ó thaobh maoiniú poiblí de sna blianta roimhe sin mar gheall ar na géardheacrachtaí airgeadais a bhí roimh an rialtas. Ina ainneoin sin, bhí an t-Údarás den tuairim gur cuireadh as d'éifeachtacht na reachtaíochta maidir le leordhóthanacht maoinithe phoiblí do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí sa chás gur trí idirghabháil dhíreach an Rialtais, agus ní trí shocruithe rialála, a coigeartaíodh an maoiniú poiblí do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí.

Measúnacht Tionchair Rannaigh

Gné den ról atá ag an BAI i gcraolachán seirbhíse poiblí a rialáil is ea comhairle a chur ar an Aire maidir leis an tionchar rannach a bheadh ag tograí a fhaightear ó cheachtar Craoltóir Seirbhíse Poiblí maidir le seirbhísí nua nó le hathruithe ar sheirbhísí reatha. I dtaca leis sin, d'iarr an tAire ar an Údarás Measúnacht Tionchair Rannaigh a dhéanamh ar thogra a fuarthas ó RTÉ maidir le RTÉ International, seirbhís síntiúis Éireannach um lánas físe, a bhunú don lucht féachana/éisteachta lasmuigh d'Éirinn. Chomh maith leis sin, d'iarr an tAire ar an Údarás tuairimí a chur in iúl maidir leis an luach poiblí a bheadh ar an tseirbhís atá beartaithe.

Tríd is tríd, thacaigh an t-Údarás leis an togra agus leis an acmhainneacht a bheadh aige cabhrú le RTÉ freastal ar an diaspóra. Mar sin féin, bhí roinnt imní ar an Údarás faoin togra agus chuir sé in iúl nár chóir faomhadh ón Aire a thabhairt ach amháin laistigh de pharaiméadair áirithe. Bhain na paraiméadair sin le cineál an lánais a chuirfí ar fáil ar an tseirbhís agus le ceanglas a beartaíodh gur ghá an tseirbhís a athbhreithniú tar éis tréimhse dhá bhliain. I dtaca leis an luach poiblí a bheadh ann, chuir an t-Údarás in iúl don Aire gurbh fhearr iarraidh ar RTÉ tuilleadh soiléire a thabhairt maidir leis an luach poiblí incriminteach ar dhóigh dó bheith ann.

Comhlíonadh

An Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe

Foilsíodh Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe an BAI i mí na Samhna 2014. Tionóladh imeacht faisnéise le gach páirtí leasmhar ábhartha ina dhiaidh sin chun forálacha an bheartais nua a leagan amach.

Is é príomhchuspóir an bheartais creat a leagan síos don chur chuige a ghlacfaidh an BAI i leith a chuid gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe leis na craoltóirí agus leis na conraitheoirí uile. Leagtar amach sa bheartas freisin an cur chuige a ghlacfaidh an BAI i leith comhlíonta agus forfheidhmithe, agus béim á cur ar chur chuige rialála a ghlacadh atá comhréireach agus réasúnta; ar a chinntiú gur cobhsaí intuartha atá socruithe rialála; agus ar iarracht a dhéanamh a chinntiú nach ann d'aon ualaí neamhriachtanacha riaracháin agus an beartas á chur chun feidhme.

Tá roinnt príomhchuspóirí sa bheartas freisin, go háirithe iad seo a leanas:

- Pleanáil agus oibriú éifeachtach ghníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe an BAI a éascú
- A chinntiú go ndéantar faisnéis chomhlíonta atá ábhartha agus cruinn a bhailiú agus a thuairisciú
- Spreagadh agus cur chun cinn a dhéanamh ar chultúr comhlíonta laistigh den earnáil craolacháin
- Cabhrú le craoltóirí agus le conraitheoirí maidir leis an tuiscint atá acu ar chur chuige an BAI sa réimse seo
- Eolas agus tacaíocht a thabhairt do réimsí eile d'obair an BAI
- Éifeacht a thabhairt do chur chuige bunaithe ar an riosca i leith obair an BAI sa réimse seo

Chomh maith leis sin, tá raon prionsabal taobh thiar de chur chun feidhme an bheartais, is iad sin: cinnteacht agus trédhearcacht; craolachán freagrach a chur chun cinn; freastal ar lucht féachana/éisteachta

Éireannach agus bheith freagrach dóibh; éisteacht agus freagrúlacht a chinntiú ó thaobh comhlíonta agus forfheidhmithe de; agus cur chuige atá bunaithe ar riosca a ghlacadh ar mhaithe le gníomhaíochtaí oibre a chur in ord tosaíochta.

Beidh sé mar phríomhchúram ar an BAI sa bhliain 2015 agus ina dhiaidh sin gníomhaíocht comhlíonta a phleanáil agus a chur chun feidhme ar aon dul leis an mbeartas agus ag féachaint do phlean oibre na heagraíochta suas go deireadh na bliana 2016.

Rialacha Rochtana

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar chraoltóirí bearta a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag daoine atá bodhar, ag daoine a bhfuil allaíre orthu, ag daoine atá dall nó ag daoine atá caoch, ar chláir a tharchuirtear ar a seirbhís. Le Rialacha Rochtana an BAI, ceanglaítear ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí pobail spriocanna a chomhlíonadh maidir le fotheidealú, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí agus a seirbhísí rochtana a chur chun cinn. Tá ceanglais bhreise ar RTÉ 1 agus ar RTÉ 2 freisin spriocanna a chomhlíonadh maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus clostuairisc agus fotheidil agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar do chláir do leanaí. Ceanglaítear leis an reachtaíocht freisin go ndéantar athbhreithniú ar na rialacha sin gach dhá bhliain. Thug an BAI faoin athbhreithniú débhliantúil sin sa bhliain 2014.

Torthaí an Athbhreithnithe Reachtúil ar na Rialacha Rochtana

Tar éis dó dul i mbun comhairliúchán poiblí sa bhliain 2014, d'fhaomh an t-Údarás Rialacha Rochtana leasaithe i mí Mheán Fómhair. Faomhadh roinnt bheag athruithe ar na Rialacha, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Na spriocanna reatha a fhadú go dtí an bhliain 2018;
- Na cainéil dhigiteacha nua de chuid RTÉ – RTÉ One +1, RTÉ News Now agus RTÉjr – a chur faoi réir na spriocanna um fhotheidealú.
- Rud an-tábhachtach do na rannpháirtithe sa chomhairliúchán ba ea spriocanna um Chlostuairisc agus um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a leagan síos do sheirbhísí do leanaí.

Bhíothas ag súil go dtabharfaí na Rialacha Rochtana leasaithe isteach sa chéad ráithe den bhliain 2015.

Athbhreithniú ar Chomhlíonadh na Rialacha Rochtana 2014

Déanann an BAI athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht na gcraoltóirí de réir na spriocanna arna leagan amach sna Rialacha Rochtana. Is é seo a leanas forbhreathnú ar fheidhmíocht gach seirbhíse:

RTÉ

Chomhlíon RTÉ na spriocanna um fhotheidealú a bhí aige. Bhí fotheidealú na gclár neamhbheo an-mhaith den chuid is mó. Fuarthas amach freisin gur tháinig feabhas ar fhotheidealú na gclár beo. Sáraíodh na spriocanna um chlostuairisc sa bhliain 2014, agus aiseolas dearfach faighte ó úsáideoirí na seirbhíse sin. Sáraíodh na spriocanna um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann sa dara leath den bhliain 2014. Chomh maith leis sin, chomhlíon RTÉ an ceanglas maidir lena sheirbhísí rochtana a chur chun cinn agus maidir le bualadh agus le dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí.

TG4

Níor chomhlíon TG4 a raon sprice don bhliain 2014 ach chomhlíon sé an oibleagáid a bhí uirthi a seirbhísí rochtana a chur chun cinn. Tá sé beartaithe ag TG4 an sprioc um fhotheidealú atá aici don bhliain 2015 a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, leanfaidh sí ar aghaidh leis na seirbhísí fotheidealaithe uile a sholáthar ar leathanach 888 chun a chinntiú, i gcás gach cláir ina bhfuil fotheidil Bhéarla, go gcuirfear fotheidil ar fáil don chlár sin ar fad.

TV3

Chomhlíon TV3 agus 3e na spriocanna um fhotheidealú a bhí acu, ach fuarthas amach san athbhreithniú go bhfuil fadhbanna suntasacha ann go fóill maidir le cáilíocht agus le hiontaofacht na bhfotheideal. Shuiteáil TV3 trealamh nua fotheidealaithe ag deireadh na bliana 2014 agus táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht agus ar iontaofacht na bhfotheideal amach anseo dá bharr sin.

Setanta Ireland

Bhí soláthar fotheidealaithe Setanta Ireland beagán faoi bhun a raoin sprice. Mar sin féin, gheall an tseirbhís le linn an athbhreithnithe go gcomhlíonfadh sí a raon sprice sa bhliain 2015 agus go bhfeabhsódh sí cur chun cinn a seirbhíse fotheidealaithe.

Sháraigh DCTV i mBaile Átha Cliath agus CCTV i gCorcaigh, seirbhísí teilifíse pobail, na spriocanna um fhotheidealú a bhí acu sa bhliain 2014.

Ina theannta sin, fuarthas amach san athbhreithniú nach mbíonn roinnt craoltóirí ag bualadh le grúpaí úsáideoirí ina limistéar go fóill. Oibreoidh an BAI leis na craoltóirí sin chun cruinnithe den sórt sin a éascú sa bhliain 2015.

CRAOLTÓIR	SPRIOC UM FHOTHEIDEALÚ 2014	FIGIÚR IARBHÍR UM FHOTHEIDEALÚ 2014
RTÉ 1	82 – 87%	84%
RTÉ 2	60 – 66%	63%
TV3	43 – 47%	66%
TG4	44 – 50%	40%
3e	16 – 20%	22%
Setanta Ireland	8 – 10%	7.4%
DCTV	3%	8.6%
CCTV	3%	7.4%

CRAOLTÓIR	SPRIOC UM CHLOSTUAIRISC 2014	FIGIÚR IARBHÍR UM CHLOSTUAIRISC 2014
RTÉ	1.5%	1.8%

CRAOLTÓIR	SPRIOC UM THEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA HÉIREANN 2014	FIGIÚR IARBHÍR UM THEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA HÉIREANN 2014
RTÉ	1.5%	1.4%
RTÉjr	0.5%	Cuireadh tús le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar i mí Dheireadh Fómhair 2014. Sáraíodh an sprioc ó shin i leith.

Athruithe Conarthacha

Cuireann craoltóirí atá ceadúnaithe ag an BAI iarrataí faoi bhráid an Údaráis le linn na bliana chun mionathruithe a dhéanamh ar a gconradh. Ar thaobh amháin, baineann na hiarrataí sin le gnéithe de bheartas cláir an stáisiún a mhionathrú. Ar an taobh eile, baineann siad le hathruithe ar an bhfoireann agus ar an struchtúr scairsheilbhe.

Sa bhliain 2014, fuarthas agus próiseáladh breis agus 40 iarraidh ar athrú conarthach. Ba é an t-Údarás a bhreithnigh ocht gcinn de na hiarrataí ar athrú conarthach. Ba é an coiste feidhmiúcháin a d'fhaomh na cinn eile. Chomh maith leis sin, agus d'fhonn an próiseas um athrú conarthach a éascú tuilleadh, ceapadh agus scaipeadh treoir agus foirm chun cabhrú le conraitheoirí iarrataí a dhéanamh.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na gcineálacha athruithe conarthacha a breithníodh agus a faomhadh le linn na bliana: togra ó Phantom FM é féin a athbhrandáil mar TXFM agus naisc riaracháin níos dlúithe a chruthú le Today FM; roinnt ceapachán chuig an ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin; agus athruithe scairsheilbhe ar RedFM.

Tá rún daingean ag an BAI tacú le tionscnaimh a shainaithníonn riachtanais forbartha agus a fhreastalaíonn ar na riachtanais sin, agus béim á cur aige ar chomhghuaillíochtaí agus ar líonraí straitéiseacha ar mhaithe le feabhas a chur ar chumas sa réimse tábhachtach sin.

FOGHLAIM AGUS FORBAIRT A ÉASCÚ SAN EARNÁIL CRAOLACHÁIN

Is é an sprioc straitéiseach atá ag an BAI oibriú le daoine agus le heagraíochtaí ar mhaithe le feabhas a chur ar a gcumas freastal ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta in Éirinn. Tá rún daingean ag an BAI tacú le tionscnaimh a shainaithníonn riachtanais forbartha agus a fhreastalaíonn ar na riachtanais sin, agus béim á cur aige ar chomhghuaillíochtaí agus ar líonraí straitéiseacha ar mhaithe le feabhas a chur ar chumas sa réimse tábhachtach sin. In éineacht leis an earnáil craolacháin, déanann an BAI breithmheas leanúnach ar riachtanais forbartha na hearnála agus ar na cineálacha cur chuige a ghlactar chun freastal ar na riachtanais sin.

Foghlaim agus Forbairt Earnála

Is i mBeartas Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI a sholáthraítear an creat chun cur ar chumas an BAI fás leanúnach na hearnála a phleanáil, a chothú, a thomhas agus a mheas trí raon gníomhaíochtaí agus cineálacha cur chuige oiliúna, foghlama agus forbartha.

Ba é €337,200 an buiséad iomlán a faomhadh chun tacú le tionscnaimh foghlama agus forbartha earnála sa bhliain 2014. Leithdháileadh €275k den tsuim sin go sonrach chun tacú le 10 líonra tionscail dul i mbun gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha. Úsáideadh an maoiniú eile chun tacú leis an Scéim um Maoiniú Taighde na Meán, leis an Scéim Tacaíochta do Chraolachán Pobail agus le roinnt tionscnaimh bheaga eile.

Tacaíocht do Líonraí Tionscail

Cé nach gcuireann an BAI gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha ar fáil, glacann sé cur chuige inbhuanaithe ina leith a dhíríonn ar líonraí tionscail ábhartha a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo tionscnaimh oiliúna agus forbartha atá oiriúnach agus cuí a chur ar fáil dá gcuid ball. Cuireann an cur chuige sin ar chumas an BAI cultúr foghlama agus forbartha a thógáil agus a chothú laistigh den earnáil craolacháin, rud a chruthaíonn comhghuaillíochtaí straitéiseacha láidre agus a sholáthraíonn tacaíocht foghlama agus forbartha bunaithe ar na riachtanais atá sainaitheanta ag na líonraí éagsúla. Tá forbhreathnú tugtha anseo ar na príomhlíonraí a fuair maoiniú sa bhliain 2014.

- CRAOL (Fóram Raidió Pobail)

  Déanann comharchumann CRAOL ionadaíocht do 22 cheann de sheirbhísí ceadúnaithe pobail agus comhleasa sa Stát. Soláthraíonn sé seirbhísí ballraíochta comhlaí do ghrúpaí uaillmhianacha atá ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt freisin.

  Bhí na nithe seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí ar thug an BAI tacaíocht dóibh sa bhliain 2014: an Fhéile Oiliúna deireadh seachtaine, a bhí ar siúl in Eochaill; imeacht deireadh seachtaine do léiritheoirí Gaeilge; oiliúint scileanna i réimsí an rialachais agus na bainistíochta do roinnt stáisiúin éagsúla; agus tacaíocht do líne chabhrach ar a gcuirtear treoir agus comhairle leanúnach ar fáil do na seirbhísí pobail agus comhleasa uile.

- Learning Waves Skillnet

  Tá Learning Waves Skillnet ar an bpríomhsholáthraí oiliúna don earnáil raidió tráchtála neamhspleách in Éirinn. Is trí Skillnets, tríd an earnáil raidió tráchtála agus tríd an BAI a mhaoinítear é. Bhí na nithe seo a leanas i measc na dtionscnamh ar mhaoinigh an BAI iad le linn na bliana: seisiúin chóitseála agus mheantóireachta do láithreoirí; cúrsaí oiliúna agus

forbartha do chineálacha éagsúla clár; tacaíocht maoinithe do thaighde lucht éisteachta; agus imeacht chun comóradh 10 mbliana bhunú an líonra a shonrú.

- Cumann Léiritheoirí Raidió Neamhspleácha na hÉireann (AIRPI)

  Díríonn AIRPI go príomha ar na deiseanna oiliúna agus líonraithe atá ann do léiritheoirí raidió, chomh maith le tionscnaimh éagsúla thathanta agus ionadaíochta. Le linn na bliana 2014, thacaigh an BAI le 'clinic' de chuid Sound & Vision, le ceardlanna drámaíochta, le seisiúin éisteachta agus le pleanáil forbartha.

- An Cumann Teilifíse Pobail (CTA)

  Cuireadh an CTA ar bun sa bhliain 2008 agus déanann sé ionadaíocht don dá sheirbhís teilifíse pobail atá ar bun i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Sa bhliain 2014, rinne an CTA Féile Teilifíse Pobail a óstáil, áit ar soláthraíodh seimineáir, ceardlanna praiticiúla agus léirithe ar mhaithe le haird a tharraingt ar na dúshláin atá ag bagairt ar an earnáil teilifíse pobail in Éirinn.

- Léiritheoirí Scáileáin Éireann (SPI)

  Déanann SPI ionadaíocht do bhreis agus 150 cuideachta léiriúcháin. Comhlánaíonn an maoiniú a fhaigheann siad ón BAI an maoiniú a fhaigheann siad óna gcuid ball agus ó raon comhlachtaí eile tionscail. Sa bhliain 2014, thacaigh an BAI le sraith seimineár agus cruinnithe piara le piara ar raon topaicí éagsúla a bhí ábhartha do bhaill SPI, agus béim ar leith á cur ar theicneolaíochtaí nua agus ar chearta maoine intleachtúla

Maoiniú Taighde na Meán

Cuireadh an Scéim um Maoiniú Taighde na Meán ar bun sa bhliain 2007. Is é an aidhm atá léi naisc a fhorbairt agus a choinneáil ar bun idir an BAI, institiúidí tríú leibhéal agus an earnáil craolacháin trí thionscnaimh thaighde ardchaighdeáin a bhrú chun cinn chun tacú leis an timpeallacht rialála craolacháin ina bhfeidhmíonn an BAI. D'éirigh leis an scéim torthaí tábhachtacha ardchaighdeáin a rochtain ar thopaicí atá ábhartha maidir le ceapadh beartais agus le rialáil craolacháin.

Rinne dhá chomhlacht iarratas ar an scéim sa bhliain 2014. Mar gheall go raibh na tograí a fuarthas inchurtha le chéile, thángthas ar chomhaontú an dá thionscadal a chomhcheangal. Shínigh an BAI conradh taighde le Comhairle Náisiúnta na mBan agus le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh anuraidh, agus é i gceist leis tabhairt faoi thaighde nua ar ionadaíocht na mban ar an raidió in Éirinn. Táthar ag súil go gcríochnófar an taighde i Ráithe 2 den bhliain 2015

An Scéim Tacaíochta do Chraolachán Pobail

Leis an scéim seo, cumasaítear craoltóirí raidió agus teilifíse pobail iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun meastóireachtaí inmheánacha nó seachtracha a dhéanamh. I gcás meastóireachtaí inmheánacha, is gnách go ndírítear ar shaincheisteanna forbartha eagraíochta. I gcás meastóireachtaí seachtracha, áfach, is gnách go bhféachtar ar an gcaidreamh atá ann idir an stáisiún agus a spriocphobal. Bhí dhá bhabhta maoinithe ann faoin Scéim Tacaíochta do Chraolachán Pobail sa bhliain 2014, agus maoiniú á bhronnadh ar sé stáisiún éagsúla. I gcás na meastóireachtaí ar thacaigh an BAI leo, chuimsigh siad ábhair amhail pleanáil straitéiseach fhadtéarmach, tomhas agus meastóireacht lucht féachana/éisteachta, forbairt cumais, seirbhísí craolacháin lasmuigh agus athbhreithnithe ar sceidil.

Ag deireadh na bliana, comhaontaíodh go gcuirfí an scéim faoi réir athbhreithniú seachtrach sa bhliain 2015, agus é mar aidhm leis an scéim a athsheoladh i bhfómhar na bliana sin.

Forbairt na Scéime um Chartlannú

Ceanglaítear le hAlt 69 den Acht Craolacháin go bhféadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an Údarás agus a shonróidh sé sa chonradh a bheith i ngach conradh craolacháin a dtéann an BAI isteach ann. Ceanglaítear leis an alt sin den Acht freisin go mbeidh téarma nó coinníoll i ngach conradh craolacháin fuaime á cheangal ar an gconraitheoir catagóirí bunábhair chlár a chartlannú. I dtaca leis sin, ceanglaítear ar an BAI an fhormáid a leanfar chun cartlannú a dhéanamh agus na catagóirí clár a ndéanfar cartlannú orthu a fhorordú.

D'fhonn Scéim um Chartlannú den chineál sin a fhorbairt, thug an BAI faoi obair ullmhúcháin ar na cleachtais chartlannaithe a dhéanann stáisiúin raidió éagsúla faoi láthair. I gcomhairle le cartlannaí craolacháin, ceapadh suirbhé chun leibhéal na gcleachtas agus na ngníomhaíochtaí cartlannaithe atá ar bun san earnáil raidió a fháil amach. Tabharfaidh an méid sin eolas don chur chuige a ghlacfaidh an BAI i leith beartas cartlannaithe a fhorbairt. Faoi dheireadh na bliana, bhí freagra faighte ó fhormhór na stáisiún a ndearnadh teagmháil leo. Samhlaítear go gcuirfear an fhaisnéis le chéile agus go ndéanfar anailís uirthi sa chéad ráithe den bhliain 2015.

Litearthacht sna Meáin

Thacaigh an BAI le roinnt gníomhaíochtaí um litearthacht sna meáin sa bhliain 2014. Ba iad na cinn ba shuntasaí díobh ná an maoiniú a soláthraíodh do chomhdháil um litearthacht sna meáin a d'eagraigh CRAOL agus do mhodúil ar oiliúint i litearthacht sna meáin arna gcreidiúnú ag FETAC a fhorbairt.

I gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA), rinne an BAI cathaoirleacht ar ghrúpa oibre ar an dóigh a léirítear daoine faoi mhíchumas sna meáin. Cuirfear treoir teanga le chéile i gcomhpháirt leis an NDA freisin, agus é beartaithe bunachar sonraí ar roghnú agus bunachar sonraí ar shainagallaithe a fhorbairt.

Foireann scannáin i mbun léiriúcháin *Blood Fruit*
Léirithe ag Ferndale Films. Craolta ar TG4.

Tá rún daingean ag an BAI a chinntiú go dtugtar de chumhacht don lucht féachana agus don lucht éisteachta cinntí eolacha a dhéanamh ar a n-amharcann siad air agus ar a n-éisteann siad leis agus ar an dóigh ar féidir leo é sin a dhéanamh.

CRAOLACHÁN FREAGRACH A CHUR CHUN CINN AGUS AN LUCHT FÉACHANA ÉISTEACHTA A CHUMHACHTÚ

Is é béim sprioc straitéiseach an BAI sa réimse seo cóid agus caighdeáin chraolacháin a chur chun feidhme agus tacú leis an lucht féachana/éisteachta in Éirinn craoltóirí a choinneáil cuntasach. Is iad comhairliúchán agus rannpháirtíocht an bonn leis an bpróiseas trína ndéantar cóid agus rialacha a chur chun feidhme, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Tá rún daingean ag an BAI freisin a chinntiú go dtugtar de chumhacht don lucht féachana agus don lucht éisteachta cinntí eolacha a dhéanamh ar a n-amharcann siad air agus ar a n-éisteann siad leis agus ar an dóigh ar féidir leo é sin a dhéanamh.

Athbhreithniú ar na Cóid

Tá raon Cód i bhfeidhm ag an BAI lena rialaítear na caighdeáin agus na cleachtais nach mór do chraoltóirí a leanúint, agus iad ag baint le lánas clár agus le cumarsáid tráchtála. Ceanglaítear leis an Acht Craolacháin go ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil ar na cóid sin chun an tionchar atá acu a mheas. I gcás na dtorthaí ar aon athbhreithniú a dhéanann an BAI, agus ar aon phróiseas comhairliúcháin phoiblí ina moltar leasú ar na cóid reachtúla, cuirtear iad san áireamh nuair a bhíonn an cód leasaithe á ullmhú. Le linn na bliana 2014, críochnaíodh obair ar an gCód um Chaighdeáin Chlár a athbhreithniú agus a leasú agus tosaíodh ar an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála a athbhreithniú.

An Cód um Chaighdeáin Chlár

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an Chóid um Chaighdeáin Chlár, atá i bhfeidhm ón mbliain 2007, sheol an BAI comhairliúchán poiblí ar thograí le haghaidh dréacht-Chód leasaithe i mí Lúil 2014.

Agus an dréachtchód á ullmhú aige, thug an BAI aird ar thorthaí an athbhreithnithe ar thionchar an chóid. Tugadh le fios sna torthaí sin gur ghá struchtúr agus foclaíocht an chóid a leasú, cé go rabhthas den tuairim go raibh lánas an Chóid reatha um Chaighdeáin Chlár ábhartha go fóill. Aidhm eile a bhí ann cód níos sothuigthe agus níos áisiúla don úsáideoir a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, bhí an dréachtchód bunaithe ar athbhreithniú dlínse ar rialáil i dtíortha eile; ar thaighde chun scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí mhuintir na hÉireann i leith dochair agus masla; agus ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa. Tugadh tosaíocht do chur chuige bunaithe ar phrionsabail sa dréachtchód a tháinig as an obair sin. Tugadh treoir shonrach do chraoltóirí ann freisin maidir le conas a d'fhéadfaí na prionsabail sin a chomhlíonadh. Bhí sé i gceist go mbeadh sé ní b'fhusa do dhaoine den phobal gearáin a dhéanamh mar gheall ar athdhearadh an chóid agus mar gheall ar an mbéim a chuirtear ann ar phrionsabail, agus ní ar rialacha.

Cuireadh torthaí an phróisis chomhairliúcháin faoi bhráid an Údaráis ag an gcruinniú dá chuid i mí Mheán Fómhair. Tríd is tríd, bhí tacaíocht leathan ann don dréachtchód leasaithe agus níor moladh ach mionathruithe le linn an phróisis chomhairliúcháin. Tugadh an Cód leasaithe um Chaighdeáin Chlár chun críche ag deireadh na bliana agus samhlaíodh go seolfaí agus go gcuirfí chun feidhme é sa chéad ráithe den bhliain 2015.

An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála

Leis an gCód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála, rialaítear cleachtais a bhaineann le fógraíocht, le hurraíocht, le teilishiopadóireacht agus le haon chineál

Seoladh Chomhairliúchán an Cód um Chaighdeáin Chlár

eile cumarsáide tráchtála a bhíonn in úsáid ag seirbhísí craolacháin. Nuashonraíodh an cód reatha sa bhliain 2011 chun go n-áireofaí ann an cinneadh ón BAI suíomh táirgí íoctha a cheadú. Nuashonraíodh é arís eile sa bhliain 2013 chun go léireofaí ann rialacha nua an BAI maidir le bianna ar mhórán saille, salainn agus siúcra a chur chun cinn, rialacha a tháinig as an athbhreithniú ar Chód an BAI maidir le Cumarsáidí Tráchtála do Leanaí.

In oirchill an athbhreithnithe reachtúil riachtanaigh a dhéanfaí ar an gCód sa bhliain 2015, cuireadh tús leis an gcéad chéim den athbhreithniú ar thionchar an chóid. Dearadh an t-athbhreithniú chun tuairimí gach páirtí leasmhair a chur san áireamh, go háirithe an lucht féachana/éisteachta, fógróirí agus craoltóirí. Ag deireadh na bliana, ba chríochnaithe a bhí tuarascáil ar an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú ar na cleachtais atá ar bun i ndlínsí eile. Bhíothas ag súil go gcuirfí an t-athbhreithniú faoi bhráid an Údaráis agus an Aire, mar a cheanglaítear le reachtaíocht, go luath sa bhliain 2015. Tabharfaidh an t-athbhreithniú eolas do chinntí a bhaineann le haon leasuithe a dhéanfar ar an gcód reatha freisin.

Treoirlínte maidir le Toghcháin agus Reifrinn

I dteannta Riail 27 de Chód an BAI maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha, rinne an t-Údarás treoirlínte maidir le clúdach toghchán agus reifreann a dhréachtú agus a cheadú i mí Feabhra 2014. Cuireadh iad chun feidhme i gcomhthéacs na dToghchán Áitiúil agus Eorpach a tionóladh i mí na Bealtaine 2014.

An Scéim maidir le Ceart Freagartha

D'fhorbair an BAI an Scéim maidir le Ceart Freagartha chun go bhféadfaí fíricí míchearta nó faisnéis mhícheart a craoladh faoi dhuine a cheartú i gcásanna ina ndearna na fíricí míchearta nó an fhaisnéis mhícheart sin dochar d'oineach nó do chlú an duine sin. Ní bhfuarthas aon iarraidh ar cheart freagartha faoin scéim le linn na bliana 2014.

Comhaontaíodh creat don athbhreithniú ar an scéim leis an Údarás sa bhliain 2014. Táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú uirthi sa bhliain 2015.

Athbhreithniú ar an bPróiseas Láimhseála Gearán

D'fhaomh an Coiste um Chomhlíonadh an t-athbhreithniú ar an bpróiseas láimhseála gearán sa bhliain 2014. Cheap an BAI IpsosMRBI chun taighde a dhéanamh ar an bpróiseas reatha. Gné lárnach den taighde sin a bhí in aiseolas ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí a chuir gearán faoi bhráid an BAI roimhe sin.

Áiríodh leis an athbhreithniú freisin ionchuir ó pháirtithe leasmhara eile, craoltóirí ina measc. Déanfaidh an BAI breithniú ar thorthaí an athbhreithnithe ar an bpróiseas agus cuirfidh na torthaí sin le haon mholtaí a thabharfar don Choiste um Chomhlíonadh lena mbreithniú sa bhliain 2015.

An Próiseas Gearán

Le linn na bliana 2014, rinne an BAI breithniú ar 152 ghearán san iomlán trína Fhóram Feidhmiúcháin Gearán agus trína Choiste reachtúil um Chomhlíonadh. Ba le hábhair faoin gCód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bhain formhór na ngearán, ba é sin, 93 ghearán. Ba faoin gCód um Chaighdeáin Chlár a rinneadh breithniú ar 46 ghearán. I gcás an 152 ghearán a fuarthas, tugadh 19 gcinn díobh anonn ón mbliain 2013; déileáladh le 36 cinn le freagra sásúil ón gcraoltóir; réitíodh 66 cinn ag leibhéal an Choiste um Chomhlíonadh nó an Fhóraim Feidhmiúcháin Ghearán; agus sheas an Coiste go hiomlán nó i bpáirt le 12 cheann.

GEARÁIN A PRÓISEÁLADH SA BHLIAIN 2014 DE RÉIR CATAGÓIRE	
An Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha	93
An Cód um Chaighdeáin Chlár	46
An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála	6
Dlí agus Ord	3
Príobháideachas na Pearsan Aonair	4

GEARÁIN A PRÓISEÁLADH SA BHLIAIN 2014 DE RÉIR RÉITIGH	
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh leis an ngearán	3
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh i bpáirt leis an ngearán	9
Dhiúltaigh an Coiste um Chomhlíonadh don ghearán	47
Réitíodh an gearán ar leibhéal an Fhóraim Feidhmiúcháin Ghearán	21
Réitíodh an gearán (sula ndearna an Fóram Feidhmiúcháin Gearán/an Coiste um Chomhlíonadh breithniú air)	36
Bhí an gearán neamhbhailí	4
Tarraingíodh an gearán siar	2
Bhí an gearán idir lámha go fóill	30

NA 19 NGEARÁN A TUGADH ANONN ÓN MBLIAIN 2013	
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh leis an ngearán	1
Seasadh i bpáirt leis an ngearán	1
Diúltaíodh don ghearán	9
Réitíodh an gearán ar leibhéal an Fhóraim Feidhmiúcháin Ghearán	3
Réitíodh an gearán	4
Tarraingíodh an gearán siar	1

Ó thaobh cúrsaí straitéiseacha de, is é aidhm an BAI a bheith ina eagraíocht atá creidiúnach, éifeachtach agus cuntasach, atá tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus a bhfuil cáil uirthi as sármhaitheas a chur ar fáil.

RIALACHAS AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA

Ó thaobh cúrsaí straitéiseacha de, is é aidhm an BAI a bheith ina eagraíocht atá creidiúnach, éifeachtach agus cuntasach, atá tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus a bhfuil cáil uirthi as sármhaitheas a chur ar fáil. D'fhonn an méid sin a bhaint amach, teastaíonn lúfaireacht agus solúbthacht eagraíochtúil, creat rialachais agus acmhainní atá comhtháite agus láidir agus atá dírithe ar straitéis an BAI a sholáthar, agus tiomantas don BAI a fhorbairt tuilleadh mar eagraíocht foghlama chun coinneáil le hathruithe sa timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.

Feidhmiú an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla

Tháinig athrú ar an Údarás agus ar na Coistí Reachtúla sa bhliain 2014 mar gheall go ndeachaigh téarma oifige a lán dá mball in éag sa bhliain. In oirchill cheapachán na mball nua chuig an Údarás agus chuig na coistí le linn 2014/2015, rinneadh athbhreithniú ar fheidhmiú an Údaráis agus na gcoistí idir Iúil agus Meán Fómhair, rud a raibh sraith fócasghrúpaí le baill den Údarás, le baill de na coistí agus leis an bhfoireann i gceist leis. Bhí dhá chuspóir leis an athbhreithniú, ba iad sin: athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlactar i leith ionduchtaithe, rialachais agus rannpháirtíochta thar théarma oifige na mball; agus, torthaí an athbhreithnithe a chur san áireamh sa phróiseas ionduchtaithe do bhaill nua. Cuireadh torthaí an athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis agus na gcoistí reachtúla sula ndeachaigh téarma oifige na mball in éag. Sula ndearnadh na ceapacháin nua, d'oibrigh an fhoireann ardbhainistíochta chun próiseas ionduchtaithe a chur i bhfeidhm do bhaill nua le linn na bliana 2015.

Chomh maith leis sin, chinntigh an BAI gur laistigh de na hamfhrámaí reachtúla riachtanacha a comhlíonadh gach oibleagáid reachtúil agus gach oibleagáid Cóid Chleachtais, lenar áiríodh tuairisciú airgeadais agus meastacháin trí bliana a chur faoi bhráid na Roinne.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Tá raon freagrachtaí éagsúla ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, a chuimsíonn na córais rialaithe inmheánaigh, iniúchadh inmheánach agus seachtrach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta tuairiscithe. Ceanglaítear ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis faoina dhualgais éagsúla a thabhairt don Údarás nach lú ná ceithre huaire sa bhliain. Déantar athbhreithniú ar théarmaí tagartha an choiste ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go mbíonn siad ábhartha agus cothrom le dáta.

Tháinig an coiste le chéile sé huaire le linn na bliana 2014, agus raon ábhar éagsúil á mbreithniú aige. Tugtar forbhreathnú thíos ar na hábhair sin:

- **Airgeadas:** Imríonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ("an coiste") ról tábhachtach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuntais bhainistíochta mhíosúla na heagraíochta agus maidir le maoirseacht ghinearálta a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na heagraíochta. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú ar na ráitis airgeadais iniúchta agus neamhiniúchta agus ar na ráitis leathbhliantúla de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin. Is eisean a chuireann na ráitis sin faoi bhráid an Údaráis, agus a mholann a nglacadh don Údarás, gach bliain

chomh maith. Tá ról ag an gcoiste freisin maidir le meastacháin trí bliana na heagraíochta a bhreithniú.

Rinne an coiste maoirseacht ar rialuithe inmheánacha airgeadais le linn na bliana agus bhí an coiste in ann tuarascáil shásúil agus moladh a chur ar fáil don Údarás ina leith sin.

- **Iniúchóireacht:** Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus iniúchóirí inmheánacha iniúchadh ar an bpróiseas airgeadais, ar nósanna imeachta airgeadais agus ar thuairisciú airgeadais sa BAI ar leithligh agus chuir siad in iúl go raibh siad sásta leis na struchtúir i bhfeidhm. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2013 don BAI agus don Chiste Craolacháin faoi bhráid an Aire i mí Mheán Fómhair. D'fhaomh an tAire foilsiú na meastachán buiséid trí bliana 2014-2017 freisin.

- **Riosca:** Déantar athbhreithniú cuimsitheach ar chlár rioscaí an BAI gach bliain agus is buanmhír ar chlár oibre an choiste é. Sainaithnítear rioscaí atá bainteach le réimsí tionscadail agus oibriúcháin gach bliain mar chuid den phróiseas pleanála oibre agus leasaítear an clár rioscaí dá réir. Rinne an coiste clár rioscaí leasaithe don bhliain 2014 a ullmhú agus a mholadh lena fhaomhadh ag an Údarás.

- **Athbhreithniú ar an Tobhach:** Cuireadh an chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Teagmhála um an Tobhach ar siúl i mí na Samhna 2014. I measc na ndaoine a d'fhreastail ar an gcruinniú bhí ionadaithe ó na craoltóirí móra agus ó ghrúpaí ionadaíocha, ón BAI agus ó PwC, riarthóir reatha an tobhaigh thar ceann an BAI. Comhaontaíodh Téarmaí Tagartha agus socraíodh cuspóirí chun dul i ngleic le saincheisteanna sonracha maidir le hoibriú an tobhaigh chraolacháin agus iad a athbhreithniú agus chun fóram a chur ar fáil le haghaidh teagmháil duine le duine idir an BAI agus craoltóirí maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tobhach.

  Bíonn teagmháil leanúnach ann le PwC agus le craoltóirí maidir le bailiú fiach éifeachtúil an tobhaigh. Tá nósanna imeachta um ghéarú i bhfeidhm agus cuireadh chun feidhme iad i leith íocóirí déanacha.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tháinig Scéim Gaeilge an BAI in éifeacht an 16 Meán Fómhair 2013. Tá an eagraíocht tiomanta do sheirbhísí teanga a chur ar fáil dá páirtithe leasmhara thar thréimhse 3 bliana na scéime. Féachtar leis sin a bhaint amach trí chur chuige láidir réamhghníomhach a ghlacadh agus trí infheictheacht na teanga a chinntiú ag gach leibhéal.

Chuir an BAI an chéad bhliain dá Scéim Gaeilge i gcrích i mí Mheán Fómhair 2014. I dtuarascáil ar chomhlíonadh a d'ullmhaigh Oifig an Choimisinéara Teanga, tugadh faoi deara gur chomhlíon an BAI gach ceann dá ghealltanais faoin scéim. De bhreis ar fhorbairt a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh agus a baineadh amach i mbliain a haon, díreofar i mbliain a dó ar na réimsí seo: seirbhís do chustaiméirí, an suíomh gréasáin agus córais ríomhaireachta, soláthar faisnéise agus cumarsáid agus freastal ar imeachtaí agus na himeachtaí sin agus acmhainní teanga a chur chun cinn.

Straitéis Eagraíochta agus Pleanáil Oibre

- **Ráiteas Straitéise 2014-2016**

  An 24 Feabhra, sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an t-Uas Pat Rabbitte T.D., Ráiteas Straitéise 3 bliana an BAI i dteannta fhoilsiú phlean oibre 3 bliana na heagraíochta. Doiciméad tábhachtach don BAI is ea an plean oibre trí bliana mar go dtugann sé éifeacht phraiticiúil do na spriocanna agus na cuspóirí a luaitear sa straitéis, mar go gcuireann sé ar chumas an BAI agus na bpáirtithe leasmhara dul chun cinn a rianú agus mar gur féidir iad a choimeád cuntasach leis as an gclár oibre a sholáthraítear.

- **Plean Oibre 2014**

  Ba í 2014 an chéad bhliain inar cuireadh Ráiteas Straitéise an BAI do 2014-2016 chun feidhme. Bhí na nithe seo i gceist leis an bplean oibre do 2014: athbhreithniú tionscadal agus oibriúcháin, tús na hoibre ar chuspóirí straitéiseacha fad-téarmacha agus cur i gcrích mórthionscadal amhail an plean ceadúnúcháin, leasuithe ar an gCód um Chaighdeáin Chlár agus forbairt na scéime nua Sound & Vision. Cé nach raibh sé ach ag céim luath, measadh go ndearnadh dul chun cinn sásúil ar na bunspriocanna inghnóthaithe sa straitéis trí bliana a bhaint amach.

Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014

Thug an BAI 11 ghealltanas mar chuid den chlár um athchóiriú na seirbhíse poiblí a sholáthar. Clúdaíonn na gealltanais sin na réimsí seo: na feidhmeanna rialála atá bainteach le comhaontuithe seirbhíse poiblí, gealltanais sna réimsí um ICT, sheirbhís do chustaiméirí, fheabhsú na bpróiseas gnó agus bainistíocht agus forbairt feidhmíochta. Tá an BAI ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go maith i gcomparáid leis na gealltanais a tugadh agus thug sé tuairisc ar an dul chun cinn i lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Leasaíodh gealltanais chun an dul chun cinn atá déanta ar an 11 réimse a léiriú. Anuas air sin agus mar an gcéanna le gach gníomhaireacht seirbhíse poiblí, tá an BAI tiomanta do dhul chun cinn i gcomparáid le gealltanais a mhionsonrú ina thuarascáil bhliantúil.

- **Ríomh-Rialtas / Cineálacha ICT**

  Lean an BAI ar aghaidh ag iarraidh deiseanna leis an úsáid a bhaineann sé as IT a mhéadú agus le teicneolaíochtaí nua IT a ghlacadh chuige féin d'fhonn méadú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht, ar a inrochtaineacht don phobal agus ar a thuiscint féin ar na meáin a rialálann sé. Ina phlean oibre do 2014-2016, thug an BAI gealltanas go ndéanfadh sé straitéis chomhtháite trí bliana um fhaisnéis eagraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Áirítear leis an straitéis sin Straitéis IT, Bainistíocht Sonraí agus Comhad agus Úsáid Sonraí Straitéiseacha.

  In 2014, nuashonraíodh Straitéis IT an BAI chun na príomhthosaíochtaí IT don eagraíocht a léiriú. Díríonn an Straitéis IT ar fheabhas a chur ar éifeachtúlachtaí gnó, ar an gcáilíocht seirbhíse agus ar luach ar airgead don BAI agus dá pháirtithe leasmhara. D'fhorbair an BAI plean le haghaidh tacaíochta agus uasghráduithe do na trí bliana le teacht.

  An suíomh Gréasáin baifuture.ie, an príomhshuíomh Gréasáin a n-úsáideann an BAI é le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, úsáideadh é le haghaidh na gcomhairliúchán poiblí ar na Rialacha Rochtana agus ar an gCód um Chaighdeáin Chlár in 2014. Ag deireadh na bliana 2014, chuir an BAI tús le hobair ar shuíomh gréasáin nua a chuirfear i gcrích in 2015. Chomh maith leis sin, chuir an BAI tús le sonraí cliste nua BAI agus le tuairisceáin chomhlíonta do chraoltóirí a bheidh cumasaithe do IT faoin mbliain 2016.

- **Seirbhís do Chustaiméirí**

  Tá an BAI tiomanta dá phointí rochtana ar fhaisnéis a fheabhsú go leanúnach don saoránach agus d'eintitis rialáilte. Eochair ghné don BAI is ea faisnéis a chur ar fáil i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin an BAI. Tar éis rath an chéad imeachta comhairliúcháin phoiblí in 2013, d'eagraigh an BAI imeacht eile den chineál sin. Ba é "Iolracht san Aois Dhigiteach" an téama. Bhí slua maith ag an imeacht agus rinneadh sruthú beo air. Leanadh de chur chuige straitéiseach maidir leis na meáin shóisialta a úsáid agus baineadh úsáid mhéadaithe as píosaí scannáin méithmheán chun cur teachtaireachtaí sna meáin shóisialta a mhéadú. Ceapadh plean cumarsáide straitéisí don bhliain bunaithe ar straitéis an BAI agus tá sé á chur chun feidhme. Tá béim láidir á leagan ar spéis an lucht féachana agus an lucht éisteachta a mhealladh ach faisnéis a chur ar fáil i bhformáidí éagsúla. Cinntíonn Scéim Gaeilge an BAI go bhfuil rochtain ag Gaeilgeoirí ar fhaisnéis agus ar chabhair trí Ghaeilge.

- **Seirbhísí Comhroinnte**

  Ar aon dul leis an bhféidearthacht a bhaineann le comhar straitéiseach le ComReg, thángthas ar chomhaontú i dtaca le trí réimse oibre a bheadh ina n-ábhar do phróiseas comhthairisceana: IT, iniúchadh inmheánach agus forbairt gréasáin. Tar éis an phróisis soláthair, bronnadh conradh le haghaidh IT (Tacaíocht Oibriúcháin) ar Hibernia Evros agus síníodh é. Bronnadh conradh ar Capita Consulting Limited agus síníodh é mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana le haghaidh Iniúchadh Inmheánach. Bronnadh conradh ar Isobar Dublin Limited agus síníodh é mar thoradh ar an gcomhthairiscint le haghaidh óstáil agus forbairt gréasáin.

- **Feabhsú na bPróiseas Gnó**

  Thug an BAI gealltanas go dtabharfadh sé faoi athbhreithniú straitéiseach ar shonraí inmheánacha chun faisnéis a n-iarrtar ar chraoltóirí í a chur ar fáil a shainaithint agus thug sé gealltanas freisin go ndéanfadh sé anailís ar shonraí tionscail agus ar shonraí eile atá ríthábhachtach ó thaobh fheidhmeanna rialála an BAI de. Ag eascairt as an obair sin, forbraíodh roinnt tionscnamh chun rochtain ar shonraí a chuíchóiriú, chun cinnteacht a chruthú ag leibhéal tionscail maidir le riachtanais sonraí an BAI agus chun coinneáil agus diúscairt éifeachtúil na sonraí atá riachtanach d'fheidhmeanna an BAI a chinntiú.

– Bainistíocht Réadmhaoine
Bhain gealltanas an BAI sa réimse seo d'athchóirithe seirbhíse poiblí le limistéir chaillteanas fuinnimh in áitreabh an BAI a shainaithint agus a chur ina gceart. Mar chuid den phlean tionscnaimh fuinnimh 3 bliana, tugadh faoi iniúchadh agus faoi thuarascáil ar íomháú teirmeach chun limistéir mhórchaillteanas fuinnimh san fhoirgneamh a shainaithint agus suiteáladh soilse atá tíosach ar fhuinneamh ar fud an fhoirgnimh.

– Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta
Príomhdhúshlán don BAI in 2014 ba ea soláthar foirne agus acmhainní a chur ar fáil. Rinneadh forbairt agus/nó leasú ar na ceithre bheartas Acmhainní Daonna seo a leanas sa bhliain: Mí-Úsáid Drugaí agus Alcóil, Saoire Bhreoiteachta, Dínit ag an Obair agus an Beartas um Am Oibre. Rinneadh Clár Oibre Straitéiseach um Acmhainní Daonna do 2014 a fhorbairt agus a chur chun feidhme le seacht bpríomhréimse freisin. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an BAI clár oibre straitéiseach i gcomhar leis an gceardchumann IMPACT ionas go dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna de réir mar ba ghá.

Tá an BAI tiomanta dá chóras bainistíocht feidhmíochta agus forbartha a neartú, go háirithe an bealach ina bpléitear feidhmíocht, ina dtugtar luach saothair aisti agus ina gceistítear í. Rinneadh roinnt mhaith oibre chun a chinntiú gur go daingean a leabaíodh san eagraíocht an beartas agus na próisis atá bainteach le bainistíocht feidhmíochta agus forbartha.

Reáchtáladh seisiúin chumarsáide foirne ar bhonn míosúil agus tá sé cruthaithe go bhfuil siad ina n-ardán luachmhar comhroinnt faisnéise agus malartú faisnéise ar fud na heagraíochta. Rud tábhachtach ar díríodh air in 2014 ba ea foghlaim agus forbairt agus chabhraigh an BAI le baill foirne ag gach leibhéal den eagraíocht iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna lena scileanna i bpríomhréimsí straitéiseacha agus leis an eolas atá acu orthu a fhorbairt.

Seoladh BAI Strategy Statement 2014–2016

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 55

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 56

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 58

Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta 59

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 61

Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána 62

Clár Comhardaithe 63

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 64

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 65

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009 (an tAcht), tá Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) freagrach as ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014 a ullmhú, chun léargas fírinneach, cothrom a thabhairt ar chúrsaí mar atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais reatha, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an t-Údarás i mbun oibríochta;
- A dhearbhú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha sna cuntais a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Leabhair chuí chuntas a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 37(2) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna faomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chumhdach agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
Dáta 11/6/15

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
Dáta 11.6.15

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, admhaím go bhfuil freagracht ar an Údarás as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á chur i ngníomh de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil – ní féidir leis deimhniú absalóideach a thabhairt ina leith seo.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialúcháin a dheimhniú:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna móra sa rialú a thuairisciú agus deimhin a dhéanamh de go ngníomhaítear chuige sin ina cheart.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shonrú, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sonraithe
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Is ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta a bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe. Áiríodh leis, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadúcháin ar ghabh buiséad bliantúil leis a d'athbhreithnigh agus a d'aontaigh an t-Údarás
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léirigh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirlínte um rialú infheistíocht chaipitil atá sainithe go soiléir.

Feidhmítear feidhm iniúchta inmheánaigh, agus baintear úsáid as anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir mar threoir le haghaidh obair na feidhme sin. Bíonn an plean iniúchta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Bhí faireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais á dtreorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, agus ag nithe a dúirt an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Chuaigh téarmaí oifigí fhormhór na mball den Údarás as feidhm i mí Mheán Fómhair 2014. Ceapadh cathaoirleach nua agus triúr ball nua ar an Údarás an 2 Nollaig 2014. Tar éis chríochnú théarmaí oifige na mball sin a ceapadh in 2009, chuaigh téarmaí oifige ceathrar ball sa bhreis as feidhm an 16 Feabhra 2015. Líonadh na cúig fholúntas a bhí fágtha ar an Údarás an 17 Feabhra 2015. Mar thoradh air sin, níor reáchtáladh aon chruinnithe de chuid an Údaráis ón 9 Meán Fómhair 2014 go dtí an 22 Eanáir 2015. Ní raibh aon Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm í mhí Mheán Fómhair 2014. Dhéileáil an t-Údarás go díreach le cúrsaí ar bith a bhain le hairgeadas, le hiniúchóireacht agus le riosca sa tréimhse sin, áfach.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an t-Údarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
Dáta 11/6/15

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
Dáta 11.6.15

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2014 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the statement of accounting policies, the income and expenditure account, the statement of total recognised gains and losses, the balance sheet, the cash flow statement and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 37 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Broadcasting Authority of Ireland affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Authority's affairs at 31 December 2014 and of its income and expenditure for 2014

In my opinion, proper books of account have been kept by the Authority. The financial statements are in agreement with the books of account.

Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
16 June 2015

RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Rinneadh na Ráitis Airgeadais don Údarás, atá i bhfoirm atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a ullmhú ar bhonn fabhruithe, ach amháin de réir mar atá sonraithe thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis. Déantar caighdeáin um thuairisciú airgeadais atá molta ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta a ghlacadh de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhme. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na cuntais airgeadais ainmnithe.

Ioncam Tobhaigh

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na speansais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a chistiú agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, aon bharrachas ioncam tobhaigh de bhreis ar na speansais iarbhír a thabhaíonn an t-Údarás agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, déanfar an barrachas sin a fhritháireamh in aghaidh oibleagáidí tobhaigh don bhliain dár gcionn, nó déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a ngearrtar an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33), 2010, an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh.

Ioncam ón Táille Cheadúnaithe

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an t-Údarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, déanann an t-Údarás dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí craolacháin
- Conarthaí um sholáthar lánais

D'fhéadfadh táillí ceadúnaithe a bheith iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí chuig an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh na táillí sin a bheith éagsúil ó am go chéile ar aon dul le polasaithe agus straitéisí an Údaráis.

Ioncam eile

Tugtar ioncam eile chun cuntais i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann sé.

Léasú

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear dímheas i leith na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir agus ríomhtar é chun costas gach sócmhainne a dhíluacháil go dtí a luach iarmharach measta i gcaitheamh a shaolré úsáidí trí thráthchodanna bliantúla comhionanna mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta 33%
- Trealamh Oifige 20%
- Daingneáin agus Feisteáin 10%
- Feabhsúcháin Léasachta 10%
- Clostrealamh / Trealamh Teicniúil 33%
- Mótarfheithiclí 25%

Tá soláthar déanta do ráta 10% i leith na bhfeabhsúchán a rinneadh ar oifigí an Údaráis ag 2-5 Plás Warrington mar go meastar go gcoimeádfaidh an t-Údarás a thionacht sna hoifigí sin gan aon mhórfheabhsúchán a bheith de dhíth go ceann 10 mbliana ar a laghad. Beidh an léas ar an áitreabh sin caite in 2021.

Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim pinsin le sochar sainithe. Tá socrú déanta ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoina gcúiteofar leis an Údarás gach airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí pinsin a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, tá ceangal ar an Údarás méid is ionann agus ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí arna socrú ag an Roinn Airgeadais.

Is ionann na costais phinsin agus ranníocaíocht an fhostóra i leith na bliana.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Sócmhainn, a bhfuil a méid comhionann leis an tsócmhainn seo agus atá in ionannas leis na méideanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí sa todhchaí ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um chistiú pinsin atá i bhfeidhm.

Dliteanais phinsin atá léirithe ag luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh foireann an Údaráis go dtí seo, déantar iad a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a shaothraigh foireann an Údaráis sa tréimhse agus léirítear iad tar éis ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, a gcoinníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha iad. Meastar an méid a chuirfear san áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh mhéid an Chistithe Pinsin Státchiste Iarchurtha ag méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsean.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid le haghaidh Cistiú Pinsin Státchiste Iarchurtha.

Cánachas

Níl dliteanas ar an Údarás i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an t-Údarás faoi réir CBL.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014	2013
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Tobhach	**1**	4,684	4,885
Táillí Ceadúnaithe	**2**	14	22
Ioncam eile	**3**	888	872
Ioncam Comhlán		**5,586**	**5,779**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**14**	17	54
		5,603	**5,833**
Caiteachas			
Costais Foirne	**4**	2,026	2,248
Costais Phinsin	**18(c)**	273	284
Táillí agus Speansais Bhaill an BAI	**16**	107	118
Táillí Comhairleachta	**5**	426	595
Costais Dlí		71	145
Fógraíocht		51	115
Costais Riaracháin	**6**	446	391
Luach Saothair na nIniúchóirí		10	12
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**7**	385	386
Costais Áitribh agus Ghaolmhara	**8**	865	892
Dímheas		61	69
		4,721	**5,255**
Barrachas san Ioncam de bhreis ar an gCaiteachas		**882**	**578**
Aisíoc Tobhaigh	**1**	(857)	(542)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		**25**	**36**
Iarmhéid ag tús na bliana		**695**	**659**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**720**	**695**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1–21.

D'fhaomh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 11 Meitheamh 2015 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
Dáta 11/6/15

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
Dáta 11.6.15

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
Dáta 11/6/15

RÁITEAS FAOI GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

	2014 € '000	2013 € '000
Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh	25	36
